

IARSCRÍBHINN I
ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE TÁIRGE

1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE

Táibléid sceobhrataithe Biktarvy 30 mg/120 mg/15 mg

Táibléid sceobhrataithe Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg

2. COMHDHÉANAMH CÁILÍOCHTÚIL AGUS CAINNÍOCHTÚIL

Táibléid sceobhrataithe Biktarvy 30 mg/120 mg/15 mg

Tá sóidiam bictegravir i ngach táibléad sceobhrataithe arb ionann é agus 30 mg de bictegravir, 120 mg de emtricitabine, agus d'fhúmaráit tenofovir alafenamide arb ionann é agus 15 mg de tenofovir alafenamide.

Táibléid sceobhrataithe Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg

Tá sóidiam bictegravir i ngach táibléad sceobhrataithe arb ionann é agus 50 mg de bictegravir, 200 mg de emtricitabine, agus d'fhúmaráit tenofovir alafenamide arb ionann é agus 25 mg de tenofovir alafenamide. Faoi choinne liosta iomlán de na támháin, féach roinn 6.1.

3. FOIRM CHÓGAISÍOCHTA

Táibléad sceobhrataithe (táibléad)

Táibléid sceobhrataithe Biktarvy 30 mg/120 mg/25 mg

Táibléad bándearg i gcruth chapsúil atá cabhartha ar thaobh amháin le “BVY” agus líne scóir ar an taobh eile den táibléad. Tá tomhas thart ar 14 mm agus 6 mm i ngach táibléad. Níl d’aidhm leis an líne cabhartha ach chun a bhriseadh a éascú chun an táibléad a shlogadh go héasca agus gan é a roinnt ina ndáileoga combhionanna.

Táibléid sceobhrataithe Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg

Táibléad sceobhrataithe donn scothchorcra i gcruth chapsúil atá cabhartha ar thaobh amháin le “GSI” agus “9883” ar an taobh eile den táibléad. Tá tomhas thart ar 15 mm agus 8 mm i ngach táibléad.

4. SONRAÍ CLINICIÚLA

4.1 Tásca teiripeacha

Moltar Biktarvy chun othair fásta agus phéidiatracha 2 bhliain d’aois agus níos sine agus a bhfuil meáchan coirp 14 kg ar a laghad iontu a chóireáil in éadan ionfhabhtaithe le víreas easpa imdhíonachta daonna-1 (VEID-1) gan aon fhianaise a bheith ann anois nó roimhe seo maidir le frithsheasmhacht in aghaidh an aicme de choscáirí iontagráis, emtricitabine nó tenofovir: (féach roinn 5.1).

4.2 Poseolaíocht agus modh tabhartha

Ba chóir go gcuirfeadh dochtúir a bhfuil taithí aige ar bhainistiú an ionfhabhtaithe VEID tús leis an teiripe.

Poseolaíocht

Othair péidiatracha 2 bhliain d'aois agus níos sine agus a bhfuil meáchan coirp idir 14 kg agus níos lú ná 25 kg ar a laghad iontu

Táibléad 30 mg/120 mg/15 mg amháin le tógáil uair amháin sa lá.

Daoine fásta agus othair péidiatracha a bhfuil meáchan 25 kg ar a laghad iontu

Táibléad 50 mg/200 mg/25 mg amháin le tógáil uair amháin sa lá le bia.

Dáileoga ligthe i ndearmad

Má dhéanann an t-othar dearmad dáileog Biktarvy a thógáil laistigh de 18 uair an chloig ón am a thógtar de ghnáth í, ba chóir don othar Biktarvy a thógáil le bia a luaithis is féidir agus an gnáthsceideal dáileoga a atosú. Má dhéanann an t-othar dearmad dáileog Biktarvy a thógáil agus níos mó ná 18 uair an chloig caite, níor cheart don othar an dáileog a ligeadh i ndearmad a thógáil agus ba cheart dó an gnáthsceideal dáileoga a atosú.

Má chuireann an t-othar amach níos lú ná uair an chloig tar éis Biktarvy a thógáil, tóg táibléad eile. Má chuireann tú amach níos mó ná uair an chloig tar éis Biktarvy a thógáil, ní gá dóibh táibléad eile a thógáil go dtí an tráth rialta leis an gcéad táibléad eile a thógáil.

Daonraí speisialta

Scothaosta

Níl gá le haon choigeartú dáileog Biktarvy a dhéanamh in othair scothaosta go bhfuil ≥ 65 bliana d'aois (féach ranna 4.8 agus 5.2).

Lagú heipiteach

Níl gá le haon choigeartú dáileog Biktarvy in othair a bhfuil lagú heipiteach éadrom (Aicme A Child-Pugh) nó measartha (Aicme B Child-Pugh) orthu. Ní dhearnadh staidéar ar Biktarvy in othair a bhfuil lagú heipiteach trom orthu (Aicme C Child-Pugh); dá bhrí sin, ní mholtar Biktarvy a úsáid in othair a bhfuil lagú heipiteach trom orthu (féach ranna 4.4 agus 5.2).

Lagú duánach

Níl gá le haon choigeartú dáileog Biktarvy i gcás othar a bhfuil meáchan ≥ 35 kg iontu nuair a mheastar an glanadh créitínín (GICr) acu a bheith ≥ 30 mL/nóiméad.

Níl gá le haon choigeartú dáileog Biktarvy i gcás daoine fásta a bhfuil galar duánach sa chéim dhéanach orthu (GICr measta < 15 mL/nóiméad) agus a bhfuil haema-scagdhealú ainsealach á dhéanamh orthu. Ba cheart, mar sin féin, Biktarvy a sheachaint go ginearálta i gcás na n-othar sin ach is féidir é a úsáid má mheastar gur mó na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag dul leis ná na rioscaí féideartha (féach ranna 4.4 agus 5.2). Ar na laethanta sin a dhéantar haema-scagdhealú, ba cheart Biktarvy a thabhairt tar éis an chóireáil haema-scagdhealaithe a chríochnú.

Ba cheart Biktarvy a sheachaint i gcás othair a bhfuil GICr ≥ 15 mL/nóim agus < 30 mL/nóim measta acu, nó < 15 mL/nóim nach bhfuil ar haema-scagdhealú ainsealach, toisc nach bhfuil sábháilteacht Biktarvy cruthaithe sna daonraí sin (féach roinn 5.2).

Níl aon sonraí ar fáil chun moltaí dáileoga a dhéanamh maidir le hothair a bhfuil meáchan < 35 kg iontu agus lagú duánach orthu nó maidir le hothair péidiatracha faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhfuil galar duánach sa chéim dhéanach orthu.

Daonra péidiatrach

Níl sábháilteacht agus éifeachtúlacht Biktarvy i leanaí níos óige ná 2 bhliain d'aois, nó a bhfuil meáchan níos lú ná 14 kg iontu, cruthaithe go fóill. Níl aon sonraí ar fáil.

Modh tabhartha

Úsáid ó bhéal.

Is féidir Biktarvy a thógáil le bia nó gan é (féach roinn 5.2).

Mar gheall ar an mblas searbh, moltar nár chóir na táibléid sceobhrataithe a chogaint ná a bhrú. I gcás othair nach bhfuil in ann an táibléad a shlogadh ina iomláine, féadfar an táibléad a roinnt ina dhá leath agus an dá leath a thógáil ceann i ndiaidh a chéile, ag cinntiú go nglactar an dáileog iomlán láithreach.

4.3 Fritásca

Hipiríogaireacht ar na substaintí ghníomhacha nó ar aon cheann de na támháin atá liostaithe i roinn 6.1

Biktarvy a thabhairt in éineacht le riofaimpicin agus Lus na Maighdine Muire (*Hypericum perforatum*) (féach roinn 4.5).

4.4 Rabhaidh speisialta agus réamhchúraimí úsáide

Othair atá ionfhabhtaithe le víreas VEID agus víreas heipitíteas B nó C

Is mó an riosca go mbeidh trom-fhrithghníomhartha díobhálacha heipiteacha a d'fhéadfadh a bheith marfach ag othair a bhfuil heipitíteas ainsealach nó heipitíteas B nó C orthu ar a gcuirtear cóireáil le teiripe frith-aisvíriseach.

Níl ach sonraí teoranta ann maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht Biktarvy in othair atá ionfhabhtaithe le víreas VEID-1 agus víreas heipitíteas C (VHC).

Tá tenofovir alafenamide in Biktarvy, ar shubstaint í atá gníomhach i gcoinne víreas heipitíteas B (VHB).

D'fhéadfadh go mbeadh baint le scor de theiripe Biktarvy in othair a bhfuil VEID agus VHB orthu mar aon le géar-ghéarú trom heipitíteas. Ba cheart monatóireacht ghéar a dhéanamh ar othair a bhfuil VEID agus VHB orthu agus a scoireann de Biktarvy le cúram leantach clínicíúil agus saotharlainne araon go ceann roinnt míonna ar a laghad tar éis dóibh stop a chur leis an gcóireáil.

Galar ae

Níl sábháilteacht agus éifeachtúlacht Biktarvy cruthaithe i gcás othair a bhfuil bun-neamhoird ae suntasacha acu.

Bíonn mínormáltachtaí maidir le feidhmiú an ae ann níos minicí i gcás othair le mífheidhmiú ae atá ann cheana, lena n-áirítear heipitíteas gníomhach ainsealach, le linn comhtheiripe frith-aisvíriseach (CTFA) agus ba cheart monatóireacht a dhéanamh orthu de réir an chleachtais chaighdeánaigh. Má tá fianaise ann go bhfuil galar ae ag dul in olcas i gcás othair den sórt sin, ní mór smaoineamh ar bhriseadh nó scor den chóireáil.

Meáchan agus paraiméadair mheitibileacha

D'fhéadfadh méadú ar mheáchan agus ar leibhéil lipidí fola agus glúcóis tarlú le linn teiripe frith-aisvíriseach. D'fhéadfadh baint éigin a bheith ag rialú galair agus stíl mhaireachtála le hathruithe den sórt sin. Maidir le lipidí agus meáchan, i gcásanna áirithe, tá fianaise ann gur iarmhairt na cóireála atá i gceist. Chun monatóireacht a dhéanamh ar lipidí fola agus glúcóis déantar tagairt do threoirínte bunaithe maidir le cóireáil VEID. Ba cheart neamhoird lipidí a bhainistiú mar is iomchuí go clínicíúil

Mífheidhmiú miteacoindreach a leanann teagmháil in utero

D'fhéadfadh a bheag nó a mhór, de thionchar a bheith ag analóga núicléisíde ar fheidhmiú miteacoindreach, tionchar a bhraithtear ach go háirithe i gcás stavudine, didanosine agus zidovudine.

Tuairiscíodh mífhaidhmiú miteacoindreach i gcás naíonáin VEID-diúltacha a raibh teagmháil le analóga núicléisíde acu *in utero* agus/nó tar éis breithe; Bhain siad seo go príomha le cóireáil le réimeanna ina bhfuil zidovudine. Is iad na príomhfhrithghníomhartha díobhálacha a thuairiscítear ná neamhoird haemaiteolaíocha (ainéime, neodraipéine) agus neamhoird mheitibileacha (hyperlactataemia, hyperlipasaemia). Is minic nár mhair na teagmhais sin ach seal. Is annamh a tuairiscíodh neamhoird néareolaíocha a thosaíonn déanach (hipeartóine, trithí, iompar neamhghnácha). Ní fios faoi láthair an bhfuil neamhoird néareolaíocha den sórt sin neamhbhuan nó buan. Ba cheart na torthaí seo a chur san áireamh maidir le haon leanbh a mbíonn teagmháil sa bhroinn acu le hanalóga núicléisíde, a bhfuil géarthorthaí cliniúla ann ina leith, nach fios an chúis leo, agus torthaí néareolaíocha ach go háirithe. Ní bhaineann na torthaí seo de na mholtaí náisiúnta Reatha maidir le teiripe frith-aisvíríseach a úsáid i gcás mná torracha chun VEID a thógann leanbh óna mháthair a chosc.

Siondróm Athghníomhachtaithe Imdhíonachta

In othair atá ionfhabhtaithe le VEID a bhfuil dian-easnamh imdhíonachta orthu tráth a chuirtear tús le CTFA, d'fhéadfadh frithghníomhú athlastach in aghaidh pataiginí aisiomptómacha nó pataiginí faille iarmharacha teacht chun cinn agus a bheith ina chúis le riochtaí cliniúla tromchúiseacha, nó le géarú na n-airíonna. De ghnáth, breathnaíodh frithghníomhartha den sórt sin laistigh den chéad chúpla seachtain nó mí ón tráth ar cuireadh tús le CTFA. Ar na frithghníomhartha ábhartha sin tá reitíníteas cítimeigilivíris, ionfhabhtuithe míceabhaictéara ginearálaithe agus/nó ionfhabhtuithe míceabhaictéara logánta, agus niúmóine *Pneumocystis jirovecii*. Ba cheart aon comharthaí athlastacha a mheas agus tús a chur le cóireáil nuair is gá sin.

Tuairiscíodh freisin go ngabhann neamhoird uath-imdhíonachta (amhail galar Graves agus heipitíteas uath-imdhíonachta) le hathghníomhachtú imdhíonachta; mar sin féin, is athraitheach an t-aga roimh thosú a thuairiscítear, agus is féidir leis na teagmhais seo tarlú roinnt mhaith míonna tar éis tús a chur le cóireáil.

Ionfhabhtuithe faille

Ba chóir a chur in iúl d'othair nach ndéanann Biktarvy ná aon teiripe frith-aisvíríseach eile ionfhabhtú le VEID a leigheas agus go bhféadfadh ionfhabhtuithe faille agus fadhbanna sláinte eile a bhaineann le hionfhabhtú VEID teacht eile. Mar sin de, ba chóir othair a choinneáil faoi dhlúthbhreathnú cliniúil ag lianna a bhfuil taithí acu ar chóireáil a chur ar othair a bhfuil galair a bhaineann le VEID orthu.

Oistéineacróis

Cé go meastar go bhféadfadh iomaí rud (lena n-áirítear cortacaistéaróideach a úsáid, alcóil a ól, imdhíonacht ghéar, innéacs corpmhaise níos airde) a bheith ina chúis le hoistéineacróis, tuairiscíodh cásanna d'oistéineacróis ach go háirithe in othair a bhfuil galar VEID aibithe orthu agus/nó a raibh teagmháil fadtéarmach le CTFA acu. Ba chóir comhairle a thabhairt d'othair comhairle a fháil ó dhochtúir má bhíonn tinneas agus pian sna ailt acu nó má bhíonn righneas sna ailt acu nó má bhíonn sé deacair orthu gluaiseacht.

Neifreathocsaineacht

Tuairiscíodh cásanna iar-mhargaíochta de lagú duánach, lena n-áirítear géarchliseadh duánach agus galar i bhfidíní neasacha na nduán, le táirgí ina bhfuil tenofovir alafenamide. Ní féidir a eisiádh go bhféadfadh riosca neifreatocsaineachta a bheith ann mar thoradh ar theagmháil ainsealach le leibhéil ísle tenofovir de bharr dáileogachta le tenofovir alafenamide (féach roinn 5.3).

Moltar feidhmiú duánach gach othar a mheasúnú roimh, nó nuair a chuirtear tús le teiripe le Biktarvy agus monatóireacht a dhéanamh air freisin le linn na teiripe i ngach othar de réir mar is cuí go cliniúil. In othair ina dtagann laghduithe suntasacha cliniúla ar an bhfeidhmiú duánach, nó a bhfuil fianaise ina leith nach bhfuil an fidín neasach ag feidhmiú mar ba choir, ba cheart smaoineamh ar scor de Biktarvy.

Othair a bhfuil galar duán sa chéim dhéanach orthu agus atá ar a fhaigheann haema-scagdhealú ainsealach

De ghnáth, ba cheart do na othair sin Biktarvy a sheachaint ach féadfar é a úsáid i gcás daoine fásta a bhfuil galar duánach sa chéim déanach orthu (GlCr measta < 15 mL/nóiméad) agus a fhaigheann haeama-scagdhealú ainsealach más mó na tairbhí féideartha ná na rioscaí féideartha (féach roinn 4.2). I staidéar a rinneadh ar emtricitabine + tenofovir alafenamide in éineacht le elvitegravir + cobicistat mar chomhtháibléad dáileog seasta (E/C/F/TAF) i ndaoine fásta atá ionfhabhtaithe le VEID-1 a bhfuil galar duánach sa chéim dhéanach orthu (CrCl measta < 15 mL/nóim) maidir le haema-scagdhealú ainsealach, coinníodh an éifeachtúlacht trí 96 seachtaine ach bhí teagmháil le emtricitabine i bhfad níos airde ná mar a bhí in othair le gnáthfheidhm duánach. Coinníodh éifeachtúlacht freisin i gcéim shínteach an staidéir inar aistrigh 10 n-othar go Biktarvy ar feadh 48 seachtaine. Cé nár aithníodh aon fhadhbanna eile ní fios go fóill cad iad na himpleachtaí a bhaineann le teagmháil mhéadaithe le emtricitabine (féach rannóga 4.8 agus 5.2).

Táirgí íocshláinte eile agus forlíontaí a thabhairt in éineacht le Biktarvy

Níor cheart Biktarvy a thabhairt i gcomhthráth le frithaigéid, cógais bhéil nó forlíontaí ina bhfuil maignéisiam/alúmanam, sinc nó iarann agus ag déanamh troscaidh. Ba chóir Biktarvy a thabhairt ar a laghad 2 uair an chloig roimhe sin, nó le bia 2 uair tar éis frithaigéid, cógais bhéil nó forlíontaí ina bhfuil maignéisiam agus/nó alúmanam a thógáil. Ba cheart Biktarvy a thabhairt ar a laghad 2 uair an chloig roimh fhorlíonta iarainn agus/nó since, nó a thógáil in éineacht le bia am ar bith (féach roinn 4.5).

Maidir le hothair torracha, moltar coigeartuithe dáileoige chun frithaigéid ina bhuil caitian ilfhiúsach, cógais bhéil nó forlíonta a thabhairt (féach roinn 4.5).

Ní mholtar táirgí íocshláinte áirithe a thabhairt in éineacht le Biktarvy: atazanavir, carbamasaipín, cioglaspoirín (arna tógáil go hinfhéitheach nó i do bhéal), oxcarbazepine, feineabarbátón, feineatóin, rifabutin, rifapentine, nó sucralfate.

Níor cheart Biktarvy a thabhairt in éineacht le táirgí íocshláinte frith-aisvíreasacha eile.

Daonra péidiatrach

Tuairiscíodh laghduithe ar dhlús na mianraí cnámh ($BMD \geq 4\%$) sa dromlach agus sa chorp ina iomláine cé is moite den cheann (TBLH) in othair idir 3 agus < 12 bhliain d'aois a fuair táirgí ina bhfuil tenofovir alafenamide iontu ar feadh 48 seachtain (féach roinn 4.8). Ní fios go beacht cad iad na héifeachtaí fadtéarmacha atá ag athruithe ar BMD ar chnámha le linn tréimhse an fháis, an baol go mbrisfidh siad san áireamh. Moltar cur chuige ildisciplíneach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaireachán cuí le linn na cóireála.

Támháin

Tá níos lú ná 1 mmol sóidiam (23 mg) in aghaidh an táibléid sa táirge íocshláinte seo, is é sin le rá, go bhfuil sé saor ó shóidiam go bunúsach.

4.5 Idirghníomhaíocht le táirgí íocshláinte eile agus cineálacha eile idirghníomhaíochta

Ní dhearnadh staidéir ar an idirghníomhaíocht ach i ndaoine fásta.

Níor cheart Biktarvy a thabhairt i gcomhthráth le táirgí íocshláinte ina bhfuil tenofovir alafenamide, tenofovir disoproxil, lamivudine nó adefovir dipivoxil a úsáidtear chun cóireáil a chur ar ionfhabhtuithe VEID.

Bictegravir

Is foshraith de CÍP3A agus UGT1A1 é Bictegravir. D'fhéadfadh bictegravir a thógáil in éineacht le táirgí íocshláinte, amhail riofaimpicin nó Lus na Maighdine Muire, a spreagann CÍP3A agus UGT1A1. D'fhéadfadh laghdú ar éifeacht theiripeach Biktarvy agus forbairt frithsheasmhachta a bheith mar thoradh air. Mar sin de, tá tabhairt Biktarvy in éineacht leis na táirgí sin fritásctha (féach roinn 4.3). D'fhéadfadh tabhairt bictegravir in éineacht le táirgí íocshláinte amhail atazanavir bac a chur ar CÍP3A agus UGT1A1, méadú suntasach a dhéanamh ar thiúchain de phlasma bictegravir, dá bhrí sin ní mholtar é a thabhairt in éineacht leis an táirge sin.

Is foshraith de P-gp agus BCRP é Bictegravir. Níl ábharthacht chliniciúil an ghné seo cruthaithe. Mar sin, moltar a bheith cúramach nuair a thugtar bictegravir in éineacht le táirgí íocshláinte a bhfuil sé ar eolas fúthu go ndéanann siad P-gp agus/nó BCRP a chosc (m.sh. macrailídí, cioglaspóirín, vérapamal, dronedarone, glecaprevir / pibrentasvir) (féach an tábla thíos freisin).

Coisceann Bictegravir iompróir 2 caitian orgánach (OCT2) agus iompróir 1 easbhrúite ildhrugaí agus tocsainí (MATE1) *in vitro*. Níor tháinig méadú suntasach go cliniiciúil ar theagmháil le meatfoirmin mar thoradh ar Biktarvy a thabhairt in éineacht leis an substráit OCT2 agus MATE1 de mheatfoirmin. Is féidir Biktarvy a thabhairt in éineacht le foshraitheanna de OCT2 agus MATE1.

Ní coscaire ná spreagthóir CÍP *in vivo* é Bictegravir

Emtricitabine

Tá sé léirithe ag staidéir chógaschinéiteacha *in vitro* agus staidéir chógaschinéiteacha chliniciúla ar idirghníomhaíocht gur beag an acmhainn atá ann d'idirghníomhaíochtaí trí mheán CÍP a bhaineann le emtricitabine le táirgí íocshláinte eile. Féadfaidh comhthabhairt emtricitabine le táirgí íocshláinte a ndéantar a dhíbirt trí thál ghníomhach feadánach tiúchain de emtricitabine, agus/nó den táirge íocshláinte arna chomhthabhairt a mhéadú. D'fhéadfadh táirgí íocshláinte a laghdaíonn an fheidhm dhuánach tiúchain de emtricitabine a mhéadú.

Tenofovir alafenamide

Féadfaidh athruithe ar ionsú tenofovir alafenamide a bheith mar thoradh ar tháirgí íocshláinte, a mbíonn tionchar láidir acu ar ghníomhaíocht P-gp agus FSAC, a thabhairt in éineacht le Biktarvy. Táthar ag súil go laghdóidh táirgí íocshláinte a spreagann gníomhaíocht P-gp (m.sh. rifabutin, carbamasaipín, feineabarbátón) ionsú tenofovir alafenamide, rud a fhágann go laghdófar tiúchain de phlasma tenofovir alafenamide, rud a d'fhéadfadh laghdú ar éifeacht theiripeach Biktarvy agus ar fhorbairt frithsheasmhachta a bheith mar thoradh air. Féadfaidh athruithe ar ionsú tenofovir alafenamide agus ar na tiúchain de phlasma in tenofovir alafenamide a bheith mar thoradh ar tháirgí íocshláinte eile a choisceann P-gp agus FSAC a thabhairt in éineacht le Biktarvy.

Ní coscaire ná spreagthóir CÍP3A *in vivo* é tenofovir alafenamide

Idirghníomhaíochtaí eile

Tá idirghníomhaíochtaí idir Biktarvy nó a chomhábhair aonair agus táirgí íocshláinte arna dtabhairt in éineacht leis liostaithe i dTábla 1 thíos (léirítear méadú mar “↑”, laghdú mar “↓”, agus athrú ar bith mar “↔”, agus is ionann na Teorainneacha gan éifeacht agus 70%-143%).

Tábla 1: Idirghníomhaíochtaí idir Biktarvy nó a chomhábhar/a chomhábhair aonair Biktarvy agus táirgí íocshláinte eile

Táirge íocshláinte de réir réimsí teiripeacha/meicníocht gníomhaíochta fhéideartha	Éifeachtaí ar leibhéil an táirge íocshláinte. Meánathrú faoin gcéad ar AUC, uas, C_{ios}¹	Moladh maidir lena chomhthabhairt in éineacht le Biktarvy
TÁIRGÍ LUIBHE		
Lus na Maighdine Muire (<i>Hypericum perforatum</i>) (Cosc ar CÍP3A, UGT1A1, agus P-gp)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí seo le haon cheann de na comhábhair i Biktarvy. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir agus tenofovir alafenamide mar thoradh ar na táirgí seo a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	Tá tabhairt Biktarvy in éineacht le Lus na Maighdine Muire fritásctha mar gheall ar an éifeacht atá ag Lus na Maighdine Muire ar an gcomhábhar bictegravir de Biktarvy.
DRUGAÍ FRITH-IONFHABHTAÍOCHA		
Frithmhícea-bhaictéaraigh		
Riofaimpicin (600 mg uair sa lá), Bictegravir ¹ (Cosc ar CÍP3A, UGT1A1, agus P-gp)	Bictegravir: AUC: ↓ 75% C _{max} : ↓ 28% Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht le tenofovir alafenamide. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir agus tenofovir alafenamide mar thoradh ar riofaimpicin a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	Ní mholtar comhthabhairt mar gheall ar éifeacht riofaimpicin ar an gcomhábhar bictegravir de Biktarvy.
Rifabutin (300 mg uair a lá), Bictegravir ¹ (Cosc ar CÍP3A agus P-gp)	Bictegravir: AUC: ↓ 38% C _{min} : ↓ 56% C _{max} : ↓ 20% Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí sin agus tenofovir alafenamide. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir agus tenofovir alafenamide mar thoradh ar rifabutin a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	Ní mholtar comhthabhairt mar gheall ar an laghdú ionchasach de tenofovir alafenamide.
Rifapentine (Cosc ar CÍP3A agus P-gp)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí seo le haon cheann de na comhábhair i Biktarvy. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir agus tenofovir alafenamide mar thoradh ar rifapentine a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	Ní mholtar comhthabhairt.

Táirge íocshláinte de réir réimsí teiripeacha/meicníocht gníomhaíochta fhéideartha	Éifeachtaí ar leibhéal an táirge íocshláinte. Meánathrú faoin gcéad ar AUC, uas, C _{íos} ¹	Moladh maidir lena chomhthabhairt in éineacht le Biktarvy
Gníomhairí frithvíreasacha VEID-1		
Atazanavir (300 mg uair sa lá), Cobicistat (150 mg uair sa lá), Bictegravir ¹ (Cosc ar CÍP3A, UGT1A1, agus P-gp/BCRP)	Bictegravir: AUC: ↑ 306% C _{max} : ↔	Ní mholtar comhthabhairt.
Atazanavir (400 mg uair sa lá), Bictegravir ¹ (Cosc ar CÍP3A agus UGT1A1)	Bictegravir: AUC: ↑ 315% C _{max} : ↔	
Gníomhairí frithvíreasacha víreas Heipitíteas C		
Ledipasvir/Sofosbuvir (90 mg/400 mg uair sa lá), Bictegravir/Emtricitabine/ Tenofovir alafenamide ²	Bictegravir: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Emtricitabine: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Tenofovir alafenamide: AUC: ↔ C _{max} : ↔ Ledipasvir: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Sofosbuvir: AUC: ↔ C _{max} : ↔ Meitibilít sofosbuvir GS-331007: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔	Níl gá le haon choigeartú dáileoige ar chomhthabhairt.

Táirge íocshláinte de réir réimsí teiripeacha/meicníocht gníomhaíochta fhéideartha	Éifeachtaí ar leibhéal an táirge íocshláinte. Meánathrú faoin gcéad ar AUC, uas, C _{íos} ¹	Moladh maidir lena chomhthabhairt in éineacht le Biktarvy
Sofosbuvir/Velpatasvir/ Voxilaprevir (400/100/100 + 100 mg ³ uair sa lá), Bictegravir/Emtricitabine/ Tenofovir alafenamide (Cosc ar P-gp/BCRP)	Bictegravir: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Emtricitabine: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Tenofovir alafenamide: AUC: ↑ 57% C _{max} : ↑ 28% Sofosbuvir: AUC: ↔ C _{max} : ↔ Meitibilít sofosbuvir GS-331007: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Velpatasvir: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Voxilaprevir: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔	Níl gá le haon choigeartú dáileoige ar chomhthabhairt.
Drugáí frith-fhugasacha		
Voraconasól (300 mg dhá uair sa lá), Bictegravir ¹ (Cosc ar CÍP3A)	Bictegravir: AUC: ↑ 61% C _{max} : ↔	Níl gá le haon choigeartú dáileoige ar chomhthabhairt.
Itreaconasól Posaconasól (Cosc ar P-gp/BCRP)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí seo le haon cheann de na comhábhair i Biktarvy. Is féidir go mbeidh méadú ar thiúchain de phlasma bictegravir mar thoradh ar na táirgí seo a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	
Macraílídí		
Aisitrimícín Clairitrimícín (Cosc ar P-gp)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht. Is féidir go mbeidh méadú ar thiúchain de phlasma bictegravir mar thoradh ar na táirgí seo a thabhairt in éineacht le Biktarvy..	Moltar a bheith cúramach mar gheall ar éifeacht féideartha na dtáirgí íocshláinte seo ar chomhábhar bictegravir de Biktarvy.

Táirge íocshláinte de réir réimsí teiripeacha/meicníocht gníomhaíochta fhéideartha	Éifeachtaí ar leibhéal an táirge íocshláinte. Meánathrú faoin gcéad ar AUC, u_{as} , C_{ios}^1	Moladh maidir lena chomhthabhairt in éineacht le Biktarvy
FRITHRITHÍGH		
Carbamasaipín (arna toirtmheascadh ó 100 mg go 300 mg dhá uair sa lá), Emtricitabine/Tenofovir alafenamide ⁴ (Cosc ar CÍP3A, UGT1A1, agus P-gp)	Tenofovir alafenamide: AUC: ↓ 54% C_{max} : ↓ 57% Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí seo agus bictegravir. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir mar thoradh ar charbamaipaín a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	Ní mholtar comhthabhairt.
Oxcarbazepine Feineabarbátón Feineatóin (Cosc ar CÍP3A, UGT1A1, agus P-gp)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí seo agus comhábhair Biktarvy. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir agus tenofovir alafenamide mar thoradh ar na táirgí seo a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	Ní mholtar comhthabhairt.
FRITHAIGÉID, FORLÍONTA AGUS CÓGAS MHAOLÁNAITHE		
Fuaidreán frithaigéid ina bhfuil maignéisiam/alúmanam (20 mL dáileog amháin ⁵), Bictegravir (Crágadh le caitiain ilfhiúsacha)	Bictegravir (fuaidreán frithaigéid dhá uair an chloig roimh ré, ar troscadh): AUC: ↓ 52% C_{max} : ↓ 58% Bictegravir (fuaidreán frithaigéid tar éis dhá uair an chloig, ar troscadh): AUC: ↔ C_{max} : ↔ Bictegravir (tabhairt i gcomhthráth, ar troscadh,): AUC: ↓ 79% C_{max} : ↓ 80% Bictegravir (tabhairt i gcomhthráth, le bia): AUC: ↓ 47% C_{max} : ↓ 49%	<i>I gcás othar neamh-thorrach:</i> Níor cheart Biktarvy a thógáil go comhuaineach le frithaigéid nó forlíontaí ina bhfuil maignéisiam agus/nó alúmanam mar gheall ar an laghdú suntasach ionchasach ar nochtadh bictegravir (féach roinn 4.4). Ba chóir Biktarvy a thabhairt ar a laghad 2 uair roimhe sin, nó le bia 2 uair tar éis frithaigéad nó forlíontaí ina bhfuil maignéisiam agus/nó alúmanam. <i>I gcás othar torrach:</i> Ba chóir Biktarvy a thabhairt ar a laghad 2 uair an chloig roimh nó 6 huaire tar éis frithaigéid nó forlíontaí ina bhfuil alúmanam agus/nó maignéisiam gan aon aird ag an mbia.
Sinc (Crágadh le caitiain ilfhiúsacha)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí seo agus comhábhair Biktarvy. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir mar thoradh ar na táirgí seo a thabhairt in éineacht le Biktarvy.	<i>I gcás othar neamh-thorrach:</i> Ba chóir Biktarvy a thabhairt 2 uair an chloig ar a laghad roimh fhorlíontaí ina bhfuil sinc nó a thógáil le bia am ar bith.. <i>I gcás othar torrach:</i> Ba chóir Biktarvy a thabhairt 2 uair an chloig ar a laghad sula dtógfar frithaigéid nó forlíontaí ina bhfuil sinc nó 6 uair an chloig ar a laghad tar éis iad a thógáil. De rogha air sin, is féidir Biktarvy agus cógais bhéil nó forlíontaí ina bhfuil sinc a thógáil le bia am ar bith.

Táirge íocshláinte de réir réimsí teiripeacha/meicníocht gníomhaíochta fhéideartha	Éifeachtaí ar leibhéal an táirge íocshláinte. Meánathrú faoin gcéad ar AUC, uas, C _{íós} ¹	Moladh maidir lena chomhthabhairt in éineacht le Biktarvy
Fúmaráit fheiriúil (324 mg dáileog amháin), Bictegravir (Crágadh le caitiain ilfhiúsacha)	Bictegravir tabhairt i gcomhthráth, ar troscadh,): AUC: ↓ 63% C _{max} : ↓ 71% Bictegravir ((tabhairt i gcomhthráth, le bia AUC: ↔ C _{max} : ↓ 25%	<i>I gcás othar neamh-thorrach:</i> Ba chóir Biktarvy a thabhairt ar a laghad 2 uair an chloig roimh cógas béil nó forlíontaí ina bhfuil iarann a thógáil, nó ba cheart é a thógáil le bia am ar bith. <i>I gcás othar torrach:</i> Ba chóir Biktarvy a thabhairt ar a laghad 2 uair an chloig roimh nó 6 uair an chloig tar éis cógais béil nó forlíontaí ina bhfuil iarann a thógáil. De rogha air sin, is féidir Biktarvy agus cógais béil nó forlíontaí ina bhfuil iarann thógáil le bia am ar bith.
Carbónáit cailciam (1,200 mg dáileog amháin), Bictegravir (Crágadh le caitiain ilfhiúsacha)	Bictegravir tabhairt i gcomhthráth, ar troscadh,): AUC: ↓ 33% C _{max} : ↓ 42% Bictegravir (tabhairt i gcomhthráth, le bia AUC: ↔ C _{max} : ↔	<i>I gcás othar neamh-thorrach:</i> Is féidir cógais bhéil nó forlíontaí ina bhfuil Biktarvy agus cailciam a thabhairt in éineacht, gan aon aird ag an mbia. <i>I gcás othar torrach:</i> Ba chóir Biktarvy a thabhairt ar a laghad 2 uair an chloig roimh nó 6 uair an chloig tar éis cógais bhéil nó forlíontaí ina bhfuil cailciam a thógáil. De rogha air sin, is féidir Biktarvy agus cógais bhéil nó forlíontaí ina bhfuil cailciam a thógáil le bia am ar bith.
Sucrafate (Crágadh le caitiain ilfhiúsacha)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na táirgí seo agus aon cheann de chomhábhair Biktarvy. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir mar thoradh ar thabhairt an táirge seo in éineacht le Biktarvy.	Ní mholtar comhthabhairt.
FRITHDHÚLAGRÁIN		
Sartrailín (50 mg dáileog amháin), Tenofovir alafenamide ⁶	Tenofovir alafenamide: AUC: ↔ C _{max} : ↔ Sertraline: AUC: ↔ C _{max} : ↔ Níltear ag súil le haon idirghníomhaíocht le bictegravir agus emtricitabine.	Níl gá le haon choigeartú dáileoige ar chomhthabhairt.

Táirge íocshláinte de réir réimsí teiripeacha/meicníocht gníomhaíochta fhéideartha	Éifeachtaí ar leibhéal an táirge íocshláinte. Meánathrú faoin gcéad ar AUC, uas, C _{íos} ¹	Moladh maidir lena chomhthabhairt in éineacht le Biktarvy
DRUGAÍ IMDHÍON-SOCHTACHA		
Cioglaspóirín (arna tógáil go hinfhéitheach nó i do bhéal) (cosc ar P-gp)	Ní dhearnadh staidéar ar an idirghníomhaíocht idir an táirge seo agus aon cheann de chomhábhair Biktarv. Is féidir go mbeidh laghdú ar thiúchain de phlasma bictegravir agus tenofovir alafenamide mar thoradh ar chioglaspóirín a thógáil (go hinfhéitheach nó sa bhéal) in éineacht le Biktarvy.	Ní mholtar comhriarachán ciclosporin (go hinfhéitheach nó ó bhéal). Má bhfuil gá leis an meascán sin, moltar monatóireacht chliniciúil agus bhitheolaíoch a dhéanamh, go háirithe ar an bhfeidhm duánach.
DRUGAÍ FRITH-DHAIBÉITEACHA BÉIL		
Meatfoirmin (500 mg dhá uair sa lá), Bictegravir/Emtricitabine/ Tenofovir alafenamide (Cosc ar OCT2/MATE1)	Meatfoirmin: AUC: ↑ 39% C _{min} : ↑ 36% C _{max} : ↔	Ní gá aon choigeartú dáileog ar chomhthabhairt in othair a bhfuil gnáthfheidhm duánach acu. In othair a bhfuil lagú duánach measartha orthu, ba cheart smaoineamh ar ghéarmhonatóireacht a dhéanamh agus tús á chur le tabhairt bictegravir in éineacht le meatfoirmin, mar gheall ar an mbaol méadaithe d’aigéadóis lachtaigh sna hothair seo. Ba cheart smaoineamh ar choigeartú dáileoga de mheatfoirmin más gá sin.
FRITHGHINIÚNAIGH BHÉIL		
Norgestimate (0.180/0.215/0.250 mg uair sa lá)/ Ethinylestradiol (0.025 mg uair sa lá), Bictegravir ¹	Norelgestromin: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔	Níl gá le haon choigeartú dáileoige ar chomhthabhairt.
Norgestimate (0.180/0.215/0.250 mg uair sa lá), Ethinylestradiol (0.025 mg uair sa lá), Emtricitabine/Tenofovir alafenamide ⁴	Norgestrel: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔ Ethinylestradiol: AUC: ↔ C _{min} : ↔ C _{max} : ↔	
TÁMHACHÁIN/HIOPNÓISIGH		
Míodasólam (2 mg, síoróip bhéil, dáileog amháin), Bictegravir/Emtricitabine/ Tenofovir alafenamide	Míodasólam: AUC: ↔ C _{max} : ↔	Níl gá le haon choigeartú dáileoige ar chomhthabhairt.

1 Rinneadh an staidéar seo ag baint úsáide as dáileog amháin de bictegravir 75 mg.

2 Rinneadh an staidéar seo ag baint úsáide as bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide 75/200/25 mg uair sa lá.

3 Rinneadh triail le voxilaprevir breise 100 mg chun nochtadh voxilaprevir a bhfuiltear ag súil leis in othair ionfhabhtaithe le VHC a bhaint amach.

4 Rinneadh an staidéar seo ag baint úsáide as /tenofovir alafenamide 200/25 mg uair sa lá.

5 Bhí 80 mg de hiodrocsaíd alúmanaim, 80 mg de hiodrocsaíd mhaighnéisiam, agus 8 mg simethicone in aghaidh an mL san frithaigéad ar uasneart/

6 Rinneadh an staidéar seo ag baint úsáide as elvitegravir/cobicistat/emtricitabine/tenofovir alafenamide 150/150/200/10 mg uair sa lá.

Bunaithe ar staidéir idirghníomhaíochta drugaí a rinneadh le Biktarvy nó le comhábhair Biktarvy, níltear ag súil le haon idirghníomhaíochtaí suntasacha cliniciúla idir é agus na drugaí seo a leanas:

amlaidipín, atarvastaitin, búipreanoirfín, drospirenone, famciclovir, famotidine, fluticasone, meatadón, nalocsón, norbuprenorphine, óimeipreasól nó rosúvastaitin.

4.6 Torthúlacht, toircheas agus luchtadh

Toircheas

Léiríonn cuid mhór sonraí ar mhná torracha (níos mó ná 1,000 toradh maidir le nochtheadh) nach bhfuil aon tocsaineacht mhíchumtha ná tocsaineacht don fhéatais/don leanbh nuabheirthe ag baint le hemtricitabine nó le tenofovir alafenamide. Léiríonn cuid mhór sonraí ar mhná torracha (idir 300-1,000 maidir le toradh toirchis) nach bhfuil aon tocsaineacht mhíchumtha ná tocsaineacht don fhéatais/don leanbh nuabheirthe ag baint le bictegravir.

Ní thugann staidéir ar ainmhithe le fios go bhfuil éifeachtaí díobhálacha díreacha nó indíreacha ag emtricitabine, a thugtar ar leithligh, maidir le paraiméadair torthúlachta, toircheas, forbairt féatais, breith clainne nó forbairt iarbheirthe. Níor léirigh staidéir ar bictegravir agus tenofovir alafenamide a thugtar go leithligh in ainmhithe aon fhianaise ar éifeachtaí díobhálacha tenofovir alafenamide ar pharaiméadair torthúlachta, toirchis, nó forbairt féatais (féach roinn 5.3).

I staidéar a rinneadh ar mhná torracha a raibh ag tógáil Biktarvy, bhí nochtheadh bictegravir, emtricitabine agus tenofovir alafenamide níos ísle le linn toirchis (féach roinn 5.2).

Dá bhrí sin, ní fhéadfadh Biktarvy a úsáid le linn toirchis ach amháin má thugann an sochar féideartha údar leis an mbaol féideartha don fhéatas. Ina theannta sin, ba cheart níos mó monatóireacht a dhéanamh ar ualach víris fós de réir na dtreoirleánte cóireála bunaithe.

Beathú cíche

Ní fios an ndéantar bictegravir a eisfhearadh i mbainne daonna. Déantar emtricitabine a eisfhearadh i mbainne daonna. Bunaithe ar shonraí foilsithe, déantar tenofovir alafenamide a eisfhearadh i mbainne daonna ag leibhéil ísle. Meastar go bhfuil an dáileog choibhneasta do naíonáin faoi bhun 0.1% den dáileog do mháthair atá coigeartaithe de réir a meáchain. I staidéir a rinneadh ar ainmhithe, braitheadh bictegravir i bplasma laonna francaigh atá ag tál, (is dócha toisc bictegravir a bheith i mbainne) agus gan éifeachtaí a bheith aige ar laonna atá ag tál.

Níl dóthain faisnéis ar fáil maidir le héifeachtaí chomhábhair uile Biktarvy ar leanaí nuabheirthe/naíonáin, mar sin níor cheart Biktarvy a úsáid le linn beathaithe cíche.

Chun tarchur VEID chuig an naíonán a sheachaint, moltar do mhná atá ionfhabhtaithe le VEID gan a gcuid leanaí a bheathú ar an gcíoch.

Torthúlacht

Níl aon sonraí ann ar maidir le torthúlacht agus úsáid Biktarvy i ndaoine. I staidéir a rinneadh ar ainmhithe ní raibh aon éifeachtaí ag elvitegravir, cobicistat, emtricitabine ná tenofovir alafenamide ar pharaiméadair cúplála nó torthúlachta (féach roinn 5.3).

4.7 Éifeachtaí ar an gcumas tiomána agus úsáide inneall

D'fhéadfadh tionchar beag a bheith ag Biktarvy ar an gcumas tiomána agus úsáide inneall. Ba chóir othair a chur ar an eolas gur tuairiscíodh meadhrán le linn cóireála le comhábhair Biktarvy. (féach roinn 4.8).

4.8 Éifeachtaí neamh-inmhianaithe

Achoimre ar an bpróifíl sábháilteachta

Ba iad na frithghníomhartha díobhálacha is minice a tuairiscíodh i staidéir chliniciúla i gcás othair nach bhfuil teiripe roimhe seo agus a bhfuair Biktarvy sa chéim dall-dúbailte (seachtain 144 ná tinneas cinn (5%), buinneach (5%), agus masmas (4%).

Achoimre liosta ar fhrithghníomhartha díobhálacha

Tá an measúnú ar fhrithghníomhartha díobhálacha bunaithe ar shonraí sábháilteachta ó staidéir Chéim 2 agus 3 go léir le Biktarvy agus ó thaithí iar-mhargaíochta. Tá na frithghníomhartha díobhálacha i dTábla 2 liostaithe de réir aicme orgán an chórais agus minicíochta. Sainmhínítear minicíochtaí mar seo a leanas: coitianta ($\geq 1/100$ go $< 1/10$) neamhchoitianta ($\geq 1/1,000$ go $< 1/100$) agus annamh ($\geq 1/10,000$ go $< 1/1,000$).

Tábla 2: Achoimre táblaithe ar fhrithghníomhartha díobhálacha¹

Minicíocht	Frithghníomh díobhálach
<i>Neamhoird na gcóras fola agus limfeach</i>	
Neamhchoitianta:	ainéime ²
<i>Neamhoird shíciatracha</i>	
Coitianta:	dúlagar, brionglóidí mínormálta
Neamhchoitianta:	smaoineamh féinmharaithe agus iarracht féinmharaithe (in othair a bhfuil stair dhúlagaí nó tinnis shíciatracha orthu roimhe seo), imní, neamhoird chodlata
<i>Neamhoird néarchórais</i>	
Coitianta:	tinneas cinn, meadhrán
<i>Neamhoird ghastraistéigeacha</i>	
Coitianta:	buinneach, masmas
Neamhchoitianta:	urlacan, pian bhoilg, dispeipse, gaofaireacht
<i>Neamhoird heipiteadhomlasacha</i>	
Neamhchoitianta:	hyperbilirubinaemia
<i>Neamhoird chraicinn agus fíocháin fo-chraicní</i>	
Neamhchoitianta:	angioedema ^{3,4} , gríos, pruritus, urticaire ⁴
Annamh:	Siondróm Stevens-Johnson ⁵
<i>Neamhoird fhíocháin mhatánchnámharlaigh agus chónaisc</i>	
Neamhchoitianta:	artrailge
<i>Neamhoird ghinearálta agus riochtaí a bhaineann leis an láithreán tabhartha</i>	
Coitianta:	tuirse
<i>Imscrúduithe</i>	
Coitianta:	méadú ar mheáchan

¹ Seachas angioedema, ainéime, urtacáire agus siondróm Stevens-Johnson (féach fonótaí 2-5), aithníodh gach frithghníomh díobhálach ó staidéir chliniciúla ar Biktarvy. Díorthaíodh na minicíochtaí ón gcéim dall-dúbailte (Seachtain 144) de Chéim 3 de Staidéir chliniciúla (GS-US-380-1489 agus GS-US-380-1490) ar Biktarvy in othair nach bhfuair cóireáil roimhe sin,

² Níor breathnaíodh an frithghníomh díobhálach seo i staidéir chliniciúla ar táirgí ina bhfuil emtricitabine + tenofovir alafenamide ach aithníodh iad ó staidéir chliniciúla nó ó thaithí iar-mhargaíochta maidir le emtricitabine nuair a úsáidtear é le drugaí frith-aisvíreasacha eile.

³ Aithníodh an frithghníomh díobhálach seo trí fhaireachas iar-mhargaíochta ar tháirgí ina bhfuil emtricitabine iontu.

⁴ Aithníodh an frithghníomh díobhálach seo trí fhaireachas iar-mhargaíochta ar tháirgí ina bhfuil tenofovir alafenamide.

⁵ Aithníodh an frithghníomh díobhálach seo trí fhaireachas iar-mhargaíochta ar Biktarvy. Ríomhadh an mhinicíocht le 3/X, áit a léiríonn X líon carnach na ndaoine ar tugadh Biktarvy dóibh i dtrialacha cliniciúla (N=3963).

Cur síos ar fhrithghníomhartha díobhálacha roghnaithe

Paraiméadair meitibileach

Féadfaidh méadú ar mheáchan agus ar leibhéil lipidí fola agus glúcóis le linn teiripe frith-aisvíreasacha (féach roinn 4.4).

Siondróm Athghníomhaithe Imdhíonachta

In othair atá ionfhabhtaithe le VEID a bhfuil easpa imdhíonachta tromchúiseach orthu tráth tionscanta CTFA, d'fhéadfadh imoibriú athlastach ar ionfhabhtuithe faille aisiomptómach nó iarmharacha teacht chun cinn. Tuairiscíodh freisin neamhoird uath-imdhíonachta (cosúil le galar Uaighean agus heipitíteas uath-imdhíonachta); mar sin féin, tá an t-am a thuairiscítear le tosú níos athraitheach, agus is féidir leis na teagmhais seo tarlú go leor míonna tar éis tús a chur le cóireáil (féach roinn 4.4).

Oistéineacróis

Tuairiscíodh cásanna oistéineacróise, go háirithe in othair a bhfuil fachtóirí riosca aitheanta go ginearálta acu, ard-ghalar VEID nó nochtadh fadtéarmach do CTFA. Ní fios an mhinicíocht is a bheidh sé seo (féach roinn 4.4).

Athruithe ar chréitínín séirim

Léiríodh go méadaíonn bictegravir créitínín séirim mar gheall ar chosc ar thál feadánach chréitínín; ní mheastar áfach, go bhfuil na hathruithe seo ábhartha go clínicíúil ós rud é nach léiríonn siad athrú ar an ráta scagacháin glomarúlach. Tháinig méaduithe ar chréitínín séirim faoi Sheachtain 4 den chóireáil agus bhí sé fós cobhsaí tar éis Sheachtain 144. I Staidéir GS-US-380-1489 agus GS-US-380-1490, mhéadaigh airmheán (Q1, Q3) chréitínín séirim 0.11 (0.03, 0.19) mg/dL (9.7 [2.7, 16.8] μ mol/L), 0.11 (0.04, 0.19) mg/dL (9.7 [3.5, 16.8] μ mol/L), agus 0.12 (0.06, 0.21) mg/dL (10.6, 8.6) mg/dL /L) ón mbunlíne go dtí Seachtain 144 sna grúpaí Biktarvy, abacavir/dolutegravir/lamivudine, agus dolutegravir + emtricitabine/tenofovir alafenamide, faoi seach. Ní raibh aon scor de frithghníomhartha heipiteacha díobhálacha tar éis Sheachtain 144 in othair ar tugadh Biktarvy dóibh i staidéir chliniciúla.

Athruithe ar bhilearúibín

Bhí meán-bictegravir C_{max} , agus teagmhálacha emtricitabine agus tenofovir alafenamide (AUC agus/nó C_{max}) gur bhaineadh amach i 50 leanbh idir 6 go < 12 bhliain d'aois (≥ 25 kg) a fuair an dáileog B/F/TAF 50 mg/200 mg/25 mg, agus i 22 leanbh ≥ 2 bhliain d'aois (≥ 14 go < 25 kg) a fuair an dáileog B/F/TAF 30 mg/120 mg/15 mg, i Staidéar GS-US-380-1474, níos airde go ginearálta ná teagmhálacha i ndaoine fásta.

Léirítear na teagmhálacha le bictegravir, emtricitabine, tenofovir alafenamide agus tenofovir i leanaí, in ógánaigh agus i ndaoine fásta i dTábla 5.

Tábla 5: Teagmhálacha le Bictegravir, Emtricitabine, Tenofovir Alafenamíde agus Tenofovir i Leanaí, in Ógánaigh agus i ndaoine Fásta

	Leanaí ≥ 2 bhliain d'aois ≥ 14 go < 25 kg	Leanaí idir 6 go < 12 bhliain d'aois ≥ 25 kg ^a	Ógánaigh idir 12 go < 18 mbliana ≥ 35 kg ^a	Daoine Fásta ^b
	B/F/TAG (30 mg/120 mg/15 mg)	B/F/TAF (50 mg/200 mg/25 mg)		
	n = 12	n = 25	n = 24	n = 77
BIC				
AUC _{tau} (ng•h/mL)	108 364.5 (22.9)	121 034.2 (36.4)	109 668.1 (30.6)	94 227.1 (34.7)
C _{max} (ng/mL)	10 040.0 (19.9)	10 988.8 (28.3)	8 087.1 (29.9)	6 801.6 (30.1)
C _{tau} (ng/mL)	1 924.5 (78.3) ^c	2 366.6 (78.8) ^d	2 327.4 (48.6)	2 256.7 (47.3) ^g
FTC				
AUC _{tau} (ng•h/mL)	14 991.2 (21.9)	17 565.1 (36.9)	13 579.1 (21.7)	12 293.6 (29.2)
C _{max} (ng/mL)	3 849.2 (34.7)	3 888.4 (31.0)	2 689.2 (34.0)	2 127.0 (34.7)
C _{tau} (ng/mL)	210.3 (242.9) ^c	226.7 (322.8) ^d	64.4 (25.0)	96.0 (37.4) ^h
TAF				
AUC _{tau} (ng•h/mL)	305.4 (42.6)	434.5 (94.9) ^e	347.0 (113.2) ^f	229.3 (63.0)
C _{max} (ng/mL)	413.8 (31.0)	581.8 (99.9) ^d	333.9 (110.6)	276.5 (62.4)
C _{tau} (ng/mL)	N/A	N/A	N/A	N/A
TFV				
AUC _{tau} (ng•h/mL)	326.6 (23.8)	427.7 (28.5)	333.5 (31.5)	292.6 (27.4) ⁱ
C _{max} (ng/mL)	21.9 (29.2)	35.5 (89.0)	24.0 (64.2)	15.2 (26.1) ⁱ
C _{tau} (ng/mL)	10.3 (30.5) ^c	14.0 (30.2) ^d	11.1 (32.4)	10.6 (28.5) ⁱ

BIC = bictegravir; FTC = emtricitabine; TAF = Tenofovir alafenamide fumarate; TFV = tenofovir

N/A = Neamhbhainteach; %CV = an chomhéifeacht athraithe i gcéatadán

Léirítear sonraí mar mheán (%CV)

a Dianshonraí PK ó Staidéar GS-US-380-1474

b Dianshonraí PK ó Staidéir GS-US-380-1489, GS-US-380-1490, GS-US-380-1844, GS-US-380-1878 le haghaidh teagmhála le PK de BIC, FTC agus TAF agus sonraí PK daonra ó Staidéir GS-US-292-0104 agus GS-US-292-0111 le haghaidh teagmhála le PK TFV

c n = 11

d n = 24

e n = 22

f n = 23

g n = 75

h n = 74

i n = 841

Toircheas

Bhí teagmhálacha plasma de bictegravir, emtricitabine, agus tenofovir alafenamide níos ísle le linn toirchis i gcomparáid le hiarbhreithe, ach go ginearálta bhí teagmháil le linn iarbhreithe níos airde ná i ndaoine fásta neamh-thorracha (Tábla 6). Bhí an teagmhálacha comhchosúil go ginearálta idir an dara agus an tríú ráithe den toirchis; bhí an teagmháil comhchosúil go ginearálta chomh maith idir Seachtainí 6 agus 12 iarbhreithe. Bunaithe ar ghaol freagra ar theagmháil do bictegravir, emtricitabine,

agus tenofovir alafenamide, ní mheastar go bhfuil na hathruithe teagmhála le linn toirchis ábhartha go clínicíúil; áfach, moltar coigeartuithe sonracha dáileoige do chógaís bhéil nó forlíontaí tugtha le chéile ina bhfuil caitian ilfhiúsacha in othair torracha (féach roinn 4.5).

Tábla 6: Paraiméadair PK le staid rialta den bictegravir, emtricitabine, agus tenofovir alafenamide i mBan Torracha atá Faoi Chois go Víreolaíoch sa Tríú Ráithe agus Seachtain 12 Iarbhireithe I gcomparáid le Sonraí Stairiúla i nDaoine Fásta Neamh-Thorracha le VEID-1

Parameter Mean (%CV)	Tríú Ráithe (N=30)	Seachtain 12 Iarbhireithe (N=32)	Daoine Fásta Neamh-Thorracha le VEID-1
Bictegravir			
C _{max} (µg/mL)	5.37 (25.9)	11.0 (24.9)	6.15 (22.9) ^b
AUC _{tau} (µg•h/mL)	60.2 (29.1)	148 (28.5)	102 (26.9) ^b
AUC _{tau} ^a neamhshrianta (µg•h/mL)	0.219 (33.9)	0.374 (32.2)	NA
C _{trough} (µg/mL)	1.07 (41.7)	3.64 (34.1)	2.61 (35.2) ^b
Emtricitabine			
C _{max} (µg/mL)	2.59 (26.5)	3.36 (26.9)	2.13 (34.7) ^c
AUC _{tau} (µg•h/mL)	10.4 (20.3)	15.3 (21.9)	12.3 (29.2) ^c
C _{trough} (µg/mL)	0.05 (27.2)	0.08 (33.7)	0.096 (37.4) ^c
Tenofovir Alafenamide			
C _{max} (µg per/mL)	0.27 (42.1)	0.49 (52.5)	0.121 (15.4) ^d
AUC _{tau} (µg•h/mL)	0.21 (45.0)	0.30 (31.8)	0.142 (17.3) ^d
AUC _{tau} ^a neamhshrianta (µg•h/mL)	0.016 (28.4)	0.017 (23.4)	NA

CV = an Chomhéifeacht Athraithe; NA = Neamhbhainteach

a Arna ríomh tríd na meastacháin aonair AUC_{tau} a cheartú faoin % codán neamhshrianta.

b Ó anailís ar Dhaonra PK i Staidéir 1489, 1490, 1844, agus 1878; N = 1193.

c Ó anailís ar Dhian PK i Staidéir 1489, 1490, 1844, agus 1878; N = 77.

d Ó anailís ar Dhaonra PK i Staidéir 1489 agus 1490; N = 486.

5.3 Sonraí sábháilteachta réamhchliniciúla

Ní raibh bictegravir só-ghineach nó clastaigineach i ngnáth-thástálacha géineathocsaineachta.

Ní raibh bictegravir carcanaigineach i staidéar 6 mhí ar an luch trasghéineach rasH2 (ag dáileoga suas le 100 mg/kg/lá i bhfireannaigh agus 300 mg/kg/lá i mná, a raibh mar thoradh ar nochtadh tuairim is 15 agus 23 uair, i bhfireannaigh agus i mná, faoi seach, an nochtáí i ndaoine ag an dáileog daonna molta) ná i staidéar 2 bhliain ar francach (ag dáileoga suas le 300 mg/kg/lá, as a tháinig nochtáí tuairim is 31 uair níos airde ná an nochtadh i ndaoine).

Léirigh staidéir ar bictegravir i moncailthe gurb é an t-ae an príomh-sprioc-orgán tocsaineachta. Rinneadh cur síos ar thocsaineacht duánach-domlasach i staidéar 39 seachtaine ag dáileog de 1,000 mg/kg/lá, rud a d'fhág go raibh nochtáí tuairim is 16 huair níos airde ag daoine ag an dáileog daonna mholta, agus a bhí inchúlaithe go páirteach tar éis tréimhse aisghabhála 4 seachtaine.

Níor léirigh staidéir in ainmhithe le bictegravir aon fhianaise ar theiritigineacht nó tionchar ar fheidhm atáirgthe. I sliocht ó dhambaí francaigh agus coinín a ndearnadh cóireáil orthu le bictegravir le linn toirchis, ní raibh aon tionchar suntasach tocsaineolaíoch ar chríochphointí forbartha.

Ní léiríonn sonraí neamhchliniciúla maidir le emtricitabine aon ghuais faoi leith don duine bunaithe ar staidéir thraidisiúnta ar chógaseolaíocht sábháilteachta, ar thocsaineacht ildháileoige, ar ghéineatocsaineacht, ar acmhainn charcanaigineach, ar thocsaineacht don atáirgeadh agus don fhorbairt. Tá acmhainneacht íseal carcanaigineach léirithe ag emtricitabine i lucht agus i bhfrancaigh.

Léirigh staidéir neamhchliniciúla ar tenofovir alafenamide i bhfrancaigh agus madraí cnámh agus duán mar phríomh-spriocorgáin na tocsaineachta. Breathnaíodh ar thocsaineacht chnámh mar dhlús mianraí cnámh laghdaithe i bhfrancaigh agus madraí ag nochtadh tenofovir ar a laghad 4 huaire níos mó ná mar a measadh tar éis B/F/TAF a thabhairt. Bhí insíothlú íosta histicítí i láthair sa súil na madraí tar éis nochtadh tenofovir alafenamide agus tenofovir thart ar 14 agus 43 huaire níos mó, faoi seach, ná iad siúd a rabhthas ag súil leis tar éis B/F/TAF a thabhairt.

Ní raibh tenofovir alafenamide só-ghineach nó clastaigineach i staidéir géineatocsaineachta traidisiúnta.

Toisc go bhfuil nochtadh tenofovir níos ísle i bhfrancaigh agus i lucht tar éis tenofovir alafenamide a thabhairt i gcomparáid le tenofovir disoproxil, rinneadh staidéir charcanaigineachta agus staidéar peripostnatal francach le tenofovir disoproxil amháin. Níor nochtadh aon ghuais speisialta do dhaoine i ngnáthstaidéir ar acmhainneacht charcanaigineach agus ar thocsaineacht don atáirgeadh agus don fhorbairt. Níor léirigh staidéir ar thocsaineacht atáirgthe i bhfrancaigh agus i gcoiníní aon tionchar ar pharaiméadair cúplála, torthúlachta, toirchis nó féatais. Mar sin féin, laghdaigh tenofovir disoproxil an t-innéacs inmharthanachta agus meáchan na laonna i staidéar ar thocsaineacht iartbhreithe ag dáileoga tocsaineacha máthar.

6. SONRAÍ CÓGAISÍOCHTA

6.1 Liosta de na támháin

Croí táibléid

Ceallalós micreacriostalach (E460)

Sóidiam trascharmallóis (E468)

Stéaráit mhaighnéisiam (E470b)

Sceo-bhratú

Alcól polaivinile (E203)

Dé-ocsaíd tíotáiniam (E171)

Macragal (E1521)

Talc (E553b)

Ocsaíd iarainn dhearg (E172)

Ocsaíd iarainn dhubh (E172)

6.2 Neamh-chomhoiriúnachtaí

Neamhbhainteach

6.3 Seilfré

3 bliana

6.4 Réamhchúraimí stórála ar leith

Buidéal

Stóráil sa phacáiste bunaidh chun cosaint a dhéanamh ó thaise. Coinnigh an buidéal dúnta go docht. Ná húsáid más rud é go bhfuil an séala os cionn an bhuidéil briste nó pollta.

Spuaic

Stóráil sa phacáiste bunaidh chun cosaint a dhéanamh ó thaise. Ná húsáid más rud é go bhfuil an scragall os cionn na spuaice briste nó pollta.

6.5 An cineál coimeádáin agus a bhfuil ann

Tá na cumraíochtaí pacáiste seo a leanas ar fáil:

Buidéal

Pacáistítear táibléid biktarvy 30 mg/120 mg/15 mg agus 50 mg/200 mg/25 mg i mbuidéal bán poileitiléine, ard-dlúis (PEAD) le snáithe leanúnach polapróipiléine, claibín atá sábháilte do leanaí, ina bhfuil línealach scragail alúmanaim gníomhachtaithe ionductaithe ina bhfuil 30 táibléad sceobhrataithe. Tá triomadán de ghlóthach shilice agus corna poileistir i ngach buidéal.

- For-chartán ina bhfuil 1 bhuidéal de 30 táibléad sceobhrataithe
- For-chartán ina bhfuil 90 (3 bhuidéal de 30) táibléad sceobhrataithe.

Spuaic

Spuaicphaca biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg ar a bhfuil clóiríd polaivinile/poileitiléin/polachlóireatrifhluaraitiléin (PVC/PE/PCTFE), agus iad séalaithe d'ábhar clúdach scragail alúmanaim atá feistithe le draein criathar móilíneach laistigh de gach cuas spuaice.

- For-chartán ina bhfuil 30 táibléad sceobhrataithe (4 x spuaicstíall ina bhfuil 7 dtáibléad sceobhrataithe agus 1 x stíall spuaice ina bhfuil 2 táibléad sceobhrataithe).
- For-chartán ina bhfuil 90 (3 spuaicphaca de 30) táibléad sceobhrataithe.

Ní féidir gach méid pacáiste a chur ar an margadh.

6.6 Réamhchúraimí ar leith maidir le diúscairt

Ba chóir aon táirge íocshláinte nó ábhar dramhaíola nár úsáideadh a dhiúscairt de réir na riachtanas áitiúil.

7. SEALBHÓIR AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

Gilead Sciences Ireland UC
Carraig Thuathail
Contae Chorcaí, T45 DP77
Éire

8. UIMHIR/UIMHREACHA AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

EU/1/18/1289/001
EU/1/18/1289/002
EU/1/18/1289/003
EU/1/18/1289/004
EU/1/18/1289/005
EU/1/18/1289/006

9. DÁTA AN CHÉAD ÚDARAITHE/ATHNUACHAN AN ÚDARAITHE

Dáta an chéad údaraithe: 21 Meitheamh 2018

10. DÁTA ATHBHREITHNITHE AN TÉACS

Tá faisnéis mhionsonraithe faoin táirge íocshláinte seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí <http://www.ema.europa.eu>.

IARSCRÍBHINN II

- A. MONARÓIR(Í) ATÁ FREAGRACH AS BAISCEANNA A SCAOILEADH**
- B. COINNÍOLLACHA NÓ SRIANTA MAIDIR LE SOLÁTHAR AGUS ÚSÁID**
- C. COINNÍOLLACHA AGUS CEANGLAIS EILE DE CHUID AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA**
- D. COINNÍOLLACHA NÓ SRIANTA MAIDIR LE HÚSÁID SHÁBHÁILTE AGUS ÉIFEACHTACH AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE**

A. MONARÓIR(Í) ATÁ FREAGRACH AS BAISEANNA A SCAOILEADH

Ainm agus seoladh mhonaróra/na monaróirí atá freagrach as bailseanna a scaoileadh

Gilead Sciences Ireland UC
Páirc Ghnó & Teicneolaíochta an IDA
Carraig Thuathail
Contae Chorcaí
Éire

B. COINNÍOLLACHA NÓ SRIANTA MAIDIR LE SOLÁTHAR AGUS ÚSÁID

Táirge íocshláinte atá faoi réir oideas liachta srianta (féach Iarscríbhinn I: Achoimre ar Shaintréithe an Táirge, roinn 4.2).

C. COINNÍOLLACHA AGUS CEANGLAIS EILE DE CHUID AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

• Tuarascálacha tréimhsiúla chun dáta maidir le sábháilteacht (PSURanna)

Tá na riachtanais maidir le PSURanna faoin táirge íocshláinte seo a chur isteach leagtha amach sa liosta de dhátaí tagartha an Aontais (liosta EURD) a fhoráiltear faoi Airteagal 107c(7) de Threoir 2001/83/CE agus aon nuashonruithe ina dhiaidh sin atá foilsithe ar thairseach gréasán leigheasra Eorpach.

D. COINNÍOLLACHA NÓ SRIANTA MAIDIR LE hÚSÁID SHÁBHÁILTE ÉIFEACHTACH AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE

• Plean bainistithe riosca (PBR)

Déanfaidh sealbhóir an údaráithe margaíochta (SÚM) na gníomhaíochtaí agus na hidirghabhálacha riachtanacha maidir le faireachas cógas a shonraítear sa PBR comhaontaithe a chuirtear i láthair Modúl 1.8.2 den údarú margaíochta agus aon nuashonraithe a comhaontaithe ina dhiaidh sin ar an PBR.

Ba cheart PBR nuashonraithe a chur isteach:

- Ar iarratas ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach;
- Gach uair a athraítear an córas bainistithe riosca, go háirithe mar thoradh ar fhaisnéis nua a fháil a bhféadfadh athrú suntasach ar an bpróifíl sochair/riosca a theacht aisti mar thoradh ar sprioc thábhachtach (maidir le faireachas cógas nó íoslaghdú riosca) a bhaint amach.

IARSCRÍBHINN III
LIPÉADÚ AGUS BILEOG PHACÁISTE

A. LIPÉADÚ

**SONRAÍ LE CUR AR AN bhFORPHACÁISTÍOCHT AGUS AN NEASPHACÁISTÍOCHT
LIPÉADÚ BUIDÉIL AGUS CARTÁIN**

1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE

Táibléid Biktarvy sceobhrataithe 30 mg/120 mg/15 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

**2. RÁITEAS FAOIN tSUBSTAINN GHNÍOMHACH/FAOI NA SUBSTAINNÍ
GNÍOMHACHA**

Tá bictegravir sóidiam i ngach táibléad Biktarvy arb ionann é agus 30 mg de bictegravir, 120 mg de emtricitabine agus fúmaráit tenofovir alafenamide arb ionann é agus 15 mg de tenofovir alafenamide.

3. LIOSTA DE NA TÁMHÁIN

4. FOIRM CHÓGAISÍOCHTA AGUS INNEACHAR

30 táibléad sceobhrataithe

90 (3 bhuidéal de 30) táibléad sceobhrataithe

5. MODH AGUS BEALACH/BEALAÍ TABHARTHA

Úsáid bhéil

Léigh an bhileog phacáiste roimh úsáid.

**6. RABHADH SPEISIALTA GO gCAITHFEAR AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE A
CHOIMEÁD AS RADHARC AGUS AS AIMSÍÚ LEANAÍ**

Coimeád as radharc agus as aimsiú leanaí.

7. RABHADH/RABHAIDH SPEISIALTA EILE, MÁ S GÁ

8. DÁTA ÉAGA

EXP

9. DÁLAÍ SPEISIALTA STÓRÁLA

Stóráil sa phacáiste bunaidh chun cosaint a dhéanamh ó thaise. **Coinnigh an buidéal dúnta go docht.**

10. RÉAMHCHÚRAIMÍ SPEISIALTA MAIDIR LE DIÚSCAIRT TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE NEAMHÚSÁIDTE NÓ ÁBHAR DRAMHAÍOLA DÍORTHAITHE Ó NA TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE SIN, MÁ S IOMCHUÍ

11. AINM AGUS SEOLADH SHEALBHÓIR AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

Gilead Sciences Ireland UC
Carraig Thuathail
Contae Chorcaí, T45 DP77
Éire

12. UIMHIR/UIMHREACHA AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

EU/1/18/1289/005 30 táibléad sceobhrataithe
EU/1/18/1289/006 90 (3 bhuidéal de 30) táibléad sceobhrataithe

13. BAISCUIMHIR

LOT

14. AICMIÚ GINEARÁLTA LE hAGHAIDH SOLÁTHAIR

15. TREORACHA ÚSÁIDE

16. FAISNÉIS IN BRAILLE

Biktarvy 30 mg/120 mg/15 mg [Forphacáistíocht amháin]

17. AITHEANTÓIR UATHÚIL – BARRACHÓD 2T

Barrachód 2T ina bhfuil an t-aitheantóir uathúil san áireamh. [Forphacáistíocht amháin]

18. AITHEANTÓIR UATHÚIL - SONRAÍ INLÉITE AG DUINE

Cód Táirge {uimhir}
Sraithuimhir {uimhir}
Uimhir náisiúnta {uimhir}

**SONRAÍ LE CUR AR AN bhFORPHACÁISTÍOCHT AGUS AN NEASPHACÁISTÍOCHT
LIPÉADÚ BUIDÉIL AGUS CARTÁIN**

1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE

Táibléid Biktarvy sceobhrataithe 50 mg/200 mg/25 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

**2. RÁITEAS FAOIN tSUBSTAINN GHNÍOMHACH/FAOI NA SUBSTAINNÍ
GNÍOMHACHA**

Tá bictegravir sóidiam i ngach táibléad Biktarvy arb ionann é agus 50 mg de bictegravir, 200 mg de emtricitabine agus fúmaráit tenofovir alafenamide arb ionann é agus 25 mg de tenofovir alafenamide.

3. LIOSTA DE NA TÁMHÁIN

4. FOIRM CHÓGAISÍOCHTA AGUS INNEACHAR

30 táibléad sceobhrataithe

90 (3 bhuidéal de 30) táibléad sceobhrataithe

5. MODH AGUS BEALACH/BEALAÍ TABHARTHA

Úsáid bhéil

Léigh an bhileog phacáiste roimh úsáid.

**6. RABHADH SPEISIALTA GO gCAITHFEAR AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE A
CHOIMEÁD AS RADHARC AGUS AS AIMSIÚ LEANAÍ**

Coimeád as radharc agus as aimsiú leanaí.

7. RABHADH/RABHAIDH SPEISIALTA EILE, MÁ S GÁ

8. DÁTA ÉAGA

EXP

9. DÁLAÍ SPEISIALTA STÓRÁLA

Stóráil sa phacáiste bunaidh chun cosaint a dhéanamh ó thaise. **Coinnigh an buidéal dúnta go docht.**

10. RÉAMHCHÚRAIMÍ SPEISIALTA MAIDIR LE DIÚSCAIRT TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE NEAMHÚSÁIDTE NÓ ÁBHAR DRAMHAÍOLA DÍORTHAITHE Ó NA TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE SIN, MÁ S IOMCHUÍ

11. AINM AGUS SEOLADH SHEALBHÓIR AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

Eolaíochtaí Gilead Ireland UC
Carraig Thuathail
Contae Chorcaí, T45 DP77
Éire

12. UIMHIR/UIMHREACHA AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

EU/1/18/1289/001 30 táibléad sceobhrataithe
EU/1/18/1289/002 90 (3 bhuidéal de 30) táibléad sceobhrataithe

13. BAISCUIMHIR

LOT

14. AICMIÚ GINEARÁLTA LE hAGHAIDH SOLÁTHAIR

15. TREORACHA ÚSÁIDE

16. FAISNÉIS IN BRAILLE

Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg [Forphacáistíocht amháin]

17. AITHEANTÓIR UATHÚIL – BARRACHÓD 2T

Barrachód 2T ina bhfuil an t-aitheantóir uathúil san áireamh. [Forphacáistíocht amháin]

18. AITHEANTÓIR UATHÚIL - SONRAÍ INLÉITE AG DUINE

Cód Táirge {uimhir}
Sraithuimhir {uimhir}
Uimhir náisiúnta {uimhir}
[Forphacáistíocht amháin]

SONRAÍ LE CUR AR AN bhFORPHACÁISTÍOCHT**FORCHARTÁN AN AONAIID SPUAICPHACA****1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE**

Táibléid Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

2. RÁITEAS FAOIN tSUBSTAINNT GHNÍOMHACH/FAOI NA SUBSTAINNTÍ GHNÍOMHACHA

Tá bictegravir sóidiam i ngach táibléad Biktarvy arb ionann é agus 50 mg de bictegravir, 200 mg de emtricitabine agus fúmaráit tenofovir alafenamide arb ionann é agus 25 mg de tenofovir alafenamide.

3. LIOSTA DE NA TÁMHÁIN**4. FOIRM CHÓGAISÍOCHTA AGUS INNEACHAR**

30 táibléad sceo-bhrataithe

5. MODH AGUS BEALACH/BEALAÍ TABHARTHA

Úsáid bhéil

Léigh an bhileog phacáiste roimh úsáid.

6. RABHADH SPEISIALTA GO gCAITHFEAR AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE A CHOIMEÁD AS RADHARC AGUS AS AIMSIÚ LEANAÍ

Coimeád as radharc agus as aimsiú leanaí.

7. RABHADH/RABHAIDH SPEISIALTA EILE, MÁ S GÁ**8. DÁTA ÉAGA**

EXP

9. DÁLAÍ SPEISIALTA STÓRÁLA

Stóráil sa phacáiste bunaidh chun cosaint a dhéanamh ó thaise.

10. RÉAMHCHÚRAIMÍ SPEISIALTA MAIDIR LE DIÚSCAIRT TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE NEAMHÚSÁIDTE NÓ ÁBHAR DRAMHAÍOLA DÍORTHAITHE Ó NA TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE SIN, MÁ S IOMCHUÍ

11. AINM AGUS SEOLADH SHEALBHÓIR AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

Gilead Sciences Ireland UC
Carraig Thuathail
Contae Chorcaí, T45 DP77
Éire

12. UIMHIR/UIMHREACHA AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

EU/1/18/1289/003 30 táibléad sceobhrataithe

13. BAISCUIMHIR

LOT

14. AICMIÚ GINEARÁLTA LE hAGHAIDH SOLÁTHAIR**15. TREORACHA ÚSÁIDE****16. FAISNÉIS IN BRAILLE**

Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg [Forphacáistíocht amháin]

17. AITHEANTÓIR UATHÚIL – BARRACHÓD 2T

Barrachóid 2T ina bhfuil an t-aitheantóir uathúil san áireamh.

18. AITHEANTÓIR UATHÚIL - SONRAÍ INLÉITE AG DUINE

Cód táirge {uimhir}
Sraithuimhir {uimhir}
Uimhir náisiúnta {uimhir}

SONRAÍ LE CUR AR AN bhFORPHACÁISTÍOCHT**FORCHARTÁN AN ILSPUAICPHACA (LENA N-ÁIRÍTEAR BOSCA GORM)****1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE**

Táibléid Biktarvy sceobhrataithe 50 mg/200 mg/25 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

2. RÁITEAS FAOIN tSUBSTAIN T GHNÍOMHACH/ FAOI NA SUBSTAINTÍ GHNÍOMHACHA

Tá bictegravir sóidiam i ngach táibléad Biktarvy arb ionann é agus 50 mg de bictegravir, 200 mg de emtricitabine agus fúmaráit tenofovir alafenamide arb ionann é agus 25 mg de tenofovir alafenamide.

3. LIOSTA DE NA TÁMHÁIN**4. FOIRM CHÓGAISÍOCHTA AGUS INNEACHAR**

Ilphacáiste: 90 (3 phacáiste spuaice de 30) táibléad sceobhrataithe

5. MODH AGUS BEALACH/BEALAÍ TABHARTHA

Úsáid bhéil

Léigh an bhileog phacáiste roimh úsáid.

6. RABHADH SPEISIALTA GO gCAITHFEAR AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE A CHOIMEÁD AS RADHARC AGUS AS AIMSIÚ LEANAÍ

Coimeád as radharc agus as aimsiú leanaí

7. RABHADH/RABHAIDH SPEISIALTA EILE, MÁ S GÁ**8. DÁTA ÉAGA**

EXP

9. DÁLAÍ SPEISIALTA STÓRÁLA

Stóráil sa phacáiste bunaidh chun cosaint a dhéanamh ó thaise.

10. RÉAMHCHÚRAIMÍ SPEISIALTA MAIDIR LE DIÚSCAIRT TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE NEAMHÚSÁIDTE NÓ ÁBHAR DRAMHAÍOLA DÍORTHAITHE Ó NA TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE SIN, MÁ S IOMCHUÍ

11. AINM AGUS SEOLADH SHEALBHÓIR AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

Gilead Sciences Ireland UC
Carraig Thuathail
Contae Chorcaí, T45 DP77
Éire

12. UIMHIR/UIMHREACHA AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

EU/1/18/1289/004 90 (3 phacáiste spuaice de 30) táibléad sceobhrataithe

13. BAISCUIMHIR

LOT

14. AICMIÚ GINEARÁLTA LE hAGHAIDH SOLÁTHAIR

15. TREORACHA MAIDIR ÚSÁIDE

16. FAISNÉIS IN BRAILLE

Biktarvy [Forphacáistíocht amháin]

17. AITHEANTÓIR UATHÚIL – BARRACHÓD 2T

Barrachóid 2T ina bhfuil an t-aitheantóir uathúil san áireamh.

18. AITHEANTÓIR UATHÚIL - SONRAÍ INLÉITE AG DUINE

Cód táirge {uimhir}
Sraithuimhir {uimhir}
Uimhir náisiúnta {uimhir}

SONRAÍ LE CUR AR AN bhFORPHACÁISTÍOCHT**NEASCHARTÁN AN ILSPUAICPHACA (GAN AN BOSCA GORM)****1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE**

Táibléid Biktarvy sceobhrataithe 50 mg/200 mg/25 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

2. RÁITEAS FAOIN tSUBSTAINN FAOI NA SUBSTAINNÍ GNÍOMHACHA

Tá bictegravir sóidiam i ngach táibléad Biktarvy arb ionann é agus 50 mg de bictegravir, 200 mg de emtricitabine agus fúmaráit tenofovir alafenamide arb ionann é agus 25 mg de tenofovir alafenamide

3. LIOSTA DE NA TÁMHÁIN**4. FOIRM CHÓGAISÍOCHTA AGUS INNEACHAR**

30 táibléad sceobhrataithe. Cuid d'ilphacáiste. Níl sé le díol leis féin.

5. MODH AGUS BEALACH/BEALAÍ TABHARTHA

Úsáid bhéil

Léigh an bhileog phacáiste roimh úsáid.

6. RABHADH SPEISIALTA GO gCAITHFEAR AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE A CHOIMEÁD AS RADHARC AGUS AS AIMSIÚ LEANAÍ

Coimeád as radharc agus as aimsiú leanaí

7. RABHADH/RABHAIDH SPEISIALTA EILE, MÁ S GÁ**8. DÁTA ÉAGA**

EXP

9. DÁLAÍ SPEISIALTA STÓRÁLA

Stóráil sa phacáiste bunaidh chun cosaint a dhéanamh ó thaise.

10. RÉAMHCHÚRAIMÍ SPEISIALTA MAIDIR LE DIÚSCAIRT TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE NEAMHÚSÁIDTE NÓ ÁBHAR DRAMHAÍOLA DÍORTHAITHE Ó NA TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE SIN, MÁ S IOMCHUÍ

11. AINM AGUS SEOLADH SHEALBHÓIR AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

Gilead Sciences Ireland UC
Carraig Thuathail
Contae Chorcaí, T45 DP77
Éire

12. UIMHIR/UIMHREACHA AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

EU/1/18/1289/004 90 (3 phacáiste de 30) táibléad sceobhrataithe

13. BAISCUIMHIR

LOT

14. AICMIÚ GINEARÁLTA LE hAGHAIDH SOLÁTHAIR

15. TREORACHA ÚSÁIDE

16. FAISNÉIS IN BRAILLE

Biktarvy [Forphacáistíocht amháin]

17. AITHEANTÓIR UATHÚIL – BARRACHÓD 2T

18. AITHEANTÓIR UATHÚIL - SONRAÍ INLÉITE AG DUINE

SONRAÍ ÍOSTA LE CUR AR SPUAICPHACAÍ NÓ AR STIALLACHA**SPUAICPHACA (Spuaicphaca ina bhfuil 7 dtáibléad)****1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE**

Táibléid Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

2. AINM SHEALBHÓIR AN ÚDARÁITHE MARGAÍOCHTA

Gilead Sciences Ireland UC

3. DÁTA ÉAGA

EXP

4. BAISCUIMHIR

LOT

5. EILE

An Luain.
An Mháirt.
An Chéadaoin.
An Déardaoin.
An Aoine.
An Satharn.
An Domhnach.

SONRAÍ ÍOSTA LE CUR AR SPUAICPHACAÍ AGUS STIALLACHA**SPUAICPHACA (Spuaicphaca ina bhfuil 2 tháibléad)****1. AINM AN TÁIRGE ÍOCSHLÁINTE**

Táibléid Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

2. AINM SHEALBHÓIR AN ÚDARAITHE MARGAÍOCHTA

Gilead Sciences Ireland UC

3. DÁTA ÉAGA

EXP

4. BAISCUIMHIR

LOT

5. EILE

Lá Spás bán folínithe san áireamh.
Lá Spás bán folínithe san áireamh.

B. BILEOG PHACÁISTE

Bileog pacáiste: Faisnéis don úsáideoir

Táibléid Biktarvy sceobhrataithe 30 mg/120 mg/15 mg
bictegravir/emtricitabine/tenofovir alafenamide

Léigh an bhileog seo ar fad go cruinn sula dtosódh tú an cógas seo a thógáil mar go bhfuil faisnéis thábhachtach inti duit.

- Coinnigh an bhileog seo. B'fhéidir go dteastódh uait í a léamh arís.
- Má tá aon cheist eile agat, fiafraigh de do dhochtúir nó do phoítigéir
- Duitse amháin a ordáíodh an cógas seo. Ná cuir ar aghaidh chuig daoine eile é. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh dóibh, fiú más ionann na comharthaí breoiteachta atá orthu agus a bhí ort féin
- Má bhíonn aon fho-iarsmaí ort, labhair le do dhochtúir, nó do phoítigéir. Agus aon fho-iarsmaí féideartha nach bhfuil liostaithe sa bhileog seo san áireamh. Féach roinn 4.

Má tá Biktarvy forordaithe do do leanbh, tabhair faoi deara go bhfuil an fhaisnéis go léir sa bhileog seo dírithe chuig do leanbh (sa chás seo léigh “do leanbh” in ionad “tú”) le do thoil

Cad atá sa bhileog seo

1. Cad é Biktarvy agus cén úsáid a bhaintear as
2. An t-eolas a theastaíonn uait sula dtóga tú Biktarvy
3. Conas Biktarvy a thógáil
4. Fo-iarsmaí féideartha
5. Conas Biktarvy a stóráil
6. Inneachar an phacáiste agus faisnéis eile

1. Cad é Biktarvy agus cén úsáid a bhaintear as

Tá trí shubstaint ghníomhach iBiktarvy:

- **bictegravir**, cógas frith-aisviríseach ar a dtugtar coscaire aistrithe snáithe iontagráis (CASNI)
- **emtricitabine**, leigheas frith-aisvíreasacha ar a dtugtar coscaire cúl-tras-scrioptáis núicléisíde (CCTSNs)
- **tenofovir alafenamide**, leigheas frith-aisvíreasacha a dtugtar coscaire cúl-tras-scrioptáis núicléitíde (CCTSNt)

Is táibléad aonair é Biktarvy chun ionfhabhtú víreas easpa imdhíonachta daonna 1 (VEID-1) a chóireáil i ndaoine fásta, in ógánaigh agus i leanaí 2 bhliain d'aois agus níos sine, a bhfuil meáchan 14 kg ar a laghad iontu.

Laghdaíonn Biktarvy an méid VEID i do chorp. Feabhsóidh sé seo do chóras imdhíonachta agus laghdóidh sé an baol go dtiocfaidhtinneas ort a bhaineann le hionfhabhtú VEID.

2. An t-eolas a theastaíonn uait sula nglacann tú Biktarvy

Ná tóg Biktarvy

- **Má tá ailléirge ort le bictegravir, emtricitabine, tenofovir** nó haon cheann eile de comhábhair an chóga seo (féach roinn 6 den bhileog seo).

- **Má tá ceann de na cógais seo á ghlacadh agat:**
 - **riofaímpicín** a úsáidte chun ionfhabhtú baictéarach mar eitinn a chóireáil.
 - **Lus na Maighdine Muire** (*Hypericum perforatum*), leigheas luibhe a úsáidtear chun dúlagar agus imní a chóireáil nó táirgí eile ina bhfuil sé.

→ Má bhaineann aon cheann díobh seo leat, **ná húsáid Biktarvy agus inis do do dhochtúir láithreach.**

Rabhaidh agus réamhchúraimí

Labhair le do dhochtúir sula dtóga tú Biktarvy:

- **Má tá fadhbanna ae nó stair de ghalar ae agat, lena n-áirítear heipitíteas.** Tá riosca níos airde ag othair a bhfuil galar ae orthu, lena n-áirítear heipitíteas ainsealach nó heipitíteas B nó C, a chuirtear cóireáil orthu le drugaí frith-aisvíreasacha, go mbeidh aimhréidheanna tromchúiseacha ae ann a d'fhéadfadh a bheith marfach. Má tá ionfhabhtú heipitíteas B agat, déanfaidh do dhochtúir breithniú cúramach maidir leis an réimeas cóireála is fearr duit.
 - **Má tá ionfhabhtú heipitíteas ort,** d'fhéadfadh fadhbanna ae éirí níos measa tar éis duit stop a chur le Biktarvy. Tá sé tábhachtach gan stop a chur le Biktarvy a thógáil gan labhairt le do dhochtúir: féach roinn 3
- Ná stop ag glacadh le Biktarvy. má tá heipitíteas B ort. Labhair le do dhochtúir ar dtús. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach roinn 3, *Ná stop ag tógáil Biktarvy.*
- **Má bhí galar duáin ort nó má léirigh staidéir fadhbanna le do dhuáin.** Féadfaidh do dhochtúir staidéir fola a ordú chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn do dhuáin agus tú ag tosú agus le linn cóireála le Biktarvy.

Agus tú ag tógáil Biktarvy

Nuair a thosaíonn tú ag tógáil Biktarvy, bí ag faire amach do:

- **Comharthaí athlasta nó ionfhabhtaithe**
- **Pian sna ailt, righneas nó fadhbanna cnámh**

→ **Má thugann tú aon cheann de na hairíonna seo faoi deara, inis do do dhochtúir láithreach.** Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach roinn 4, *Fo-iarsmaí féideartha.*

Tá seans ann go mbeidh fadhbanna duáin agat agus tú ag tógáil Biktarvy thar thréimhse fada ama (féach *Rabhaidh agus réamhchúraimí*).

Ní leigheas é an cógas seo ar ionfhabhtú VEID. Agus Biktarvy á thógáil d'fhéadfadh ionfhabhtuithe nó tinnis eile a bhaineann le hionfhabhtú VEID teacht ort.

Leanaí agus ógánaigh

Ná tabhair an cógas seo do leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois, ná a bhfuil meáchan níos lú ná 14 kg iontu beag beann ar aois. Níl staidéar déanta fós ar úsáid Biktarvy i leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois ná a bhfuil meáchan níos lú ná 14 kg. Tá táibléid Biktarvy 50 mg/200 mg/25 mg sceobhrataithe ar fáil do leanaí agus d'ógánaigh a bhfuil meáchan 25 kg nó níos mó iontu.

Tuairiscíodh laghdú ar mhais cnámh i gcás roinnt leanaí idir 3 agus níos lú ná 12 bhliain d'aois a fuair ceann de na substaintí gníomhacha (tenofovir alafenamide) atá i Biktarvy. Ní fios cén tionchar fadtéarmach atá ann ar shláinte cnámh agus cén baol go mbrisfear cnámha amach anseo. Déanfaidh do dhochtúir monatóireacht ar shláinte cnámh do linbh de réir mar is gá.

Cogais eile agus Biktarvy

Labhair le do dhochtúir nó do phoitigéir má tá tú ag tógáil aon chógais eile, tar má thóg tú aon chógais eile le déanaí nó más féidir go dtógfaidh tú aon chógais eile. Féadfaidh Biktarvy idirghníomhú le cógais eile. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar na méideanna Biktarvy nó cógais eile i do chuid fola. D'fhéadfadh sé seo do chógais a stopadh ag oibriú i gceart, nó is féidir gur measa a bheidh fo-iarmhairtí. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh ar do dhochtúir do dháileog a choigeartú nó do leibhéil fola a sheiceáil.

Cógais nach cóir a thógáil le Biktarvy:

- **riofaimpicín** a úsáidte chun ionfhabhtú baictéarach mar eitinn a chóireáil.
- **Lus na Maighdine Muire** (*Hypericum perforatum*), leigheas luibhe a úsáidtear chun dúlagar agus imní a chóireáil nó táirgí ina bhfuil sé.

→ Má bhaineann aon cheann díobh seo leat, **ná tóg Biktarvy agus inis do do dhochtúir láithreach.**

Abair le do dhochtúir má tá tú ag tógáil aon cheann de na cógais seo.

- **cógais a úsáidtear chun VEID agus/nó heipitíteas B a chóireáil**, ina bhfuil:
 - adefovir dipivoxil, atazanavir, bictegravir, emtricitabine, lamivudine, tenofovir alafenamide, nó tenofovir disoproxil
- **antaibheathaigh a úsáidtear chun ionfhabhtuithe baictéaracha a chóireáil**, ina bhfuil:
 - azithromycin, clarithromycin, rifabutin nó rifapentine
- **frithrighígh** a úsáidtear chun titimeas a chóireáil, ina bhfuil:
 - carbamazepine, oxcarbazepine, phenobarbital nó feinitín
- **drugaí imdhíon-sochtacha** a úsáidtear chun freagairt imdhíonachta do chorp a rialú tar éis trasphlandúcháin, ina bhfuil ciclosporin
- **cógais ina bhfuil sucralfate lena ndéantar othrais a leigheas**

→ **Abair le do dhochtúir má tá tú ag tógáil aon cheann de na cógais seo.** Ná stop do chóireáil gan dul i dteagmháil le do dhochtúir.

Faigh comhairle ó dhochtúir nó ó phoitigéir má tá:

- **frithaigéid** chun othras goile, dó croí, nó aife aigéad a chóireáil, ina bhfuil alúmanam agus/nó hiodrocsaíd mhaighnéisiam
- **forlíontaí mianraí nó vitimíní** ina bhfuil maignéisiam, sinc nó iarann

→ **Faigh comhairle ó do dhochtúir nó ó phoitigéir sula nglacann tú Biktarvy má tá aon cheann de na cógais seo á thógáil agat.**

- **Frithaigéid agus forlíontaí ina bhfuil alúmanam agus/nó maignéisiam:** beidh ort Biktarvy a thógáil ar a laghad 2 uair roimh frithaigéid nó forlíontaí ina bhfuil alúmanam agus/nó maignéisiam a thógáil, nó is féidir leat Biktarvy a thógáil le bia ar a laghad 2 uair **ina ndiaidh sin**. Ach, má tá tú ag iompar clainne féach *Toircheas agus beathú cíche*.
- **Forlíontaí iarainn agus/nó since:** beidh ort Biktarvy a thógáil ar a laghad 2 uair an chloig **roimh** fhorlíonta iarainn agus/nó since a thógáil, nó is féidir leat iad a thógáil le chéile le bia am ar bith. Ach, má tá tú ag iompar clainne féach *Toircheas agus beathú cíche*.

Toircheas agus beathú cíche

- Má tá tú ag iompar clainne nó ag tabhairt beathú cíche do do leanbh, má cheapann tú gurbh fhéidir go bhfuil tú ag iompar clainne nó má tá tú ag pleanáil leanbh a bheith agat, teigh i gcomhairle le do dhochtúir sula dtóga tú an cógas seo.
- Abair le do dhochtúir láithreach má éiríonn tú torrach agus fiafraigh faoi na buntáistí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag do theiripe frith-aisvíreasach duit féin agus do do leanbh.

- **Frithaigéid agus forlíontaí ina bhfuil alúmanam agus/nó maignéisiam:** le linn do thoirchis, beidh ort Biktarvy a thógáil 2 uair an chloig ar a laghad **roimh** nó 6 huaire **tar éis** frithaigéid, cógais nó forlíontaí ina bhfuil alúmanam agus/nó maignéisiam a thógáil.
- **Forlíontaí nó cógais ina bhfuil cailciam, iarann agus/nó sinc:** le linn do thoirchis, beidh ort Biktarvy a thógáil 2 uair an chloig ar a laghad **roimh** nó 6 huaire **tar éis** forlíontaí nó cógais ina bhfuil cailciam, iarann agus/nó sinc a thógáil. Nó, is féidir leat iad a thógáil le chéile le bia am ar bith.

Má thóg tú Biktarvy le linn do thoirchis, féadfaidh do dhochtúir tástálacha fola rialta agus tástálacha diagnóiseacha eile a iarraidh chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt do linbh. I leanaí ar ghlac a máithreacha coscairí cúl-tras-scriptáis núicléisíde (CCTSns) le linn toirchis, ba mhó an tairbhe a bhain leis an gcosaint i gcoinne VEID ná an baol fo-iarmhairtí.

Ná tabhair beathú cíche do do leanbh le linn cóireála le Biktarvy. Tá sé seo toisc go dtéann cuid de na substaintí gníomhacha sa leigheas seo isteach i mbainne cíche daonna. Ní mholtar beathú cíche do mhná atá ionfhabhtaithe le VEID mar is féidir ionfhabhtú VEID a tharchur don leanbh i mbainne cíche. Má tá tú ag tabhairt beathaithe cíche, nó ag smaoineamh ar bheathú cíche, **ba cheart duit é a phlé le do dhochtúir a luaithe is féidir.**

Tiomáint agus meaisíní a úsáid

Is féidir le Biktarvy a bheith ina chúis le meadhrán. Má bhraitheann tú go bhfuil meadhrán ort agus tú ag tógáil Biktarvy, ná tiomáin agus ná rothaigh ar rothar agus ná húsáid aon uirlisí nó meaisíní.

Tá sóidiam i Biktarvy

Tá níos lú ná 1 mmol sóidiam (23 mg) in aghaidh an táibléid sa leigheas seo, is é sin le rá go bunúsach 'saor ó sóidiam'.

3. Conas Biktarvy a thógáil

Tóg an cógas seo díreach mar a dúirt do dhochtúir leat i gcónaí. Fiafraigh de do dhochtúir nó phoitigéir mura bhfuil tú cinnte.

Tá dhá láidreacht ag táibléid Biktarvy. Déanfaidh do dhochtúir an táibléad cuí a fhorordú do d'aois agus do mheáchan.

Is í an dáileog mholta:

Leanaí 2 bhliain d'aois agus níos sine, a bhfuil meáchan 14 kg ar a laghad iontu ach níos lú ná 25 kg: táibléad amháin gach lá le bia nó gan é (táibléad 30 mg/120 mg/15 mg amháin).

Mar gheall ar an mblas searbh, moltar gan an táibléad a chogadh nó a bhrú.

Má tá deacracht agat an táibléad a shlogadh ina iomláine, is féidir leat é a roinnt ina dhá leath. Tóg an dá leath den táibléad ceann i ndiaidh a chéile chun an dáileog iomlán a fháil. Ná stóráil an táibléad scoilte.

Níl an líne cabhartha ar an táibléad ann ach chun cabhrú leat an táibléad a bhriseadh má bhíonn deacracht ag do leanbh é a shlogadh ina iomláine.

Tá trí phacáiste 30-lá le chéile san ilphaca 90-lá.

→ Faigh comhairle ó dhochtúir nó ó phoitigéir má tá tú ag tógáil:

- **frithaigéid** chun othras goile, dó croí, nó aife aigéad a chóireáil, ina bhfuil alúmanam agus/nó hiodrocsaíd maignéisiam
- **forlíontaí mianraí nó vitimíní** ina bhfuil maignéisiam, sinc nó iarann

→ Féach roinn 2 le haghaidh tuilleadh eolais ar na cógais seo a thógáil le Biktarvy.

Má tá tú ar scagdhealú, tóg do dáileog laethúil de Biktarvy tar éis scagdhealaithe a chríochnú

Má thógann tú níos mó Biktarvy ná mar ba chóir duit

Má thógann tú trí thimpiste níos mó ná an dáileog mholta de Biktarvy d'fhéadfadh go mbeadh tú i mbaol níos mó go dtiocfaidh fo-iarsmaí ort leis ang cógas seo (féach roinn 4, *Fo-iarsmaí féideartha*).

Déan teagmháil láithreach le do dhochtúir nó leis an roinn éigeandála is gaire duit chun comhairle a fháil. Coinnigh an buidéal táibléid leat ionas gur féidir leat cur síos a dhéanamh go héasca ar an méid a thóg tú.

Má dhéanann tú dearmad Biktarvy a thógáil

Tá sé tábhachtach gan dáileog de Biktarvy a chailleadh

Má ligeann tú dáileog i ndearmad:

- **Má thugann tú faoi deara laistigh de 18 uair an chloig** ón am a thógann tú Biktarvy de ghnáth, ní mór duit an táibléad a thógáil chomh luath agus is féidir. Tóg an táibléad le bia i gcónaí. Ansin tóg an chéad dáileog eile mar is gnách.
- **Má thugann tú faoi deara 18 uair an chloig** nó níos mó tar éis an ama a thógann tú Biktarvy de ghnáth, mar sin ná glac an dáileog caillte. Fan agus tóg an chéad dáileog eile, le bia, ar do ghnáth-am.

Má chuireann tú amach níos lú ná uair an chloig tar éis Biktarvy a thógáil, tóg táibléad eile. Má chuireann tú amach níos mó ná uair an chloig tar éis Biktarvy a thógáil, ní gá duit táibléad eile a thógáil go dtí an sceideal rialta leis an gcéad táibléad eile a thógáil.

Ná stop ag tógáil Biktarvy

Ná stop ag tógáil Biktarvy gan labhairt le do dhochtúir. Is féidir le stop a chur le Biktarvy cur isteach go mór ar do fhreagra ar chóireáil sa todhchaí. Má stoptar Biktarvy ar chúis ar bith, labhair le do dhochtúir sula n-atosáionn tú ag tógáil táibléid Biktarvy.

Nuair a thosaíonn do sholáthar Biktarvy ag laghdú, faigh níos mó ó do dhochtúir nó ó do phoitigéir. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach mar go bhféadfadh méadú a bheith tagtha ar líon an víris má stoptar an leigheas ar feadh tréimhse gearr fiú. Féadfaidh an galar a bheith níos deacra ansin a chóireáil.

Má tá ionfhabhtú VEID agus heipitíteas B agat araon, tá sé thar a bheith tábhachtach gan do chóireáil Biktarvy a stopadh gan labhairt le do dhochtúir ar dtús. D'fhéadfadh go mbeadh staidéir fola ag teastáil uait ar feadh roinnt míonna tar éis duit stop a chur leis an gcóireáil. I roinnt othar a bhfuil ard-ghalar ae nó cirrhosis orthu, ní mholtar stop a chur le cóireáil mar d'fhéadfadh do heipitíteas dul chun donais, rud a d'fhéadfadh bagairt saoil a bheith mar thoradh air.

→ **Inis do do dhochtúir láithreach** faoi chomharthaí nua nó neamhghnácha tar éis duit deireadh a chur leis an gcóireáil, go háirithe na hairíonna a bhfuil baint agat le hionfhabhtú heipitíteas B.

Má tá aon cheist eile agat maidir le húsáid na íocshláinte seo, cuir ceist ar do dhochtúir nó do phoitigéir

4. Fo-iarsmaí féideartha

Fearacht gach cógas, d'fhéadfadh fo-iarsmaí a bheith ag dul leis an cógas seo, cé nach bhfaigheann gach duine.

Fo-iarsmaí tromchúiseacha féideartha: inis do dhochtúir láithreach

- **Aon chomharthaí athlasta nó ionfhabhtaithe.** I roinnt othar a bhfuil ard-ionfhabhtú VEID (SEIF) acu agus stair ionfhabhtuithe faille (ionfhabhtuithe a tharlaíonn i ndaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu), féadfaidh comharthaí agus comharthaí athlasadh ó ionfhabhtuithe roimhe seo tarlú go luath tar éis tús a chur le cóireáil frith-VEID. Ceaptar go bhfuil na hairíonna seo mar gheall ar fheabhsú ar fhreagra imdhíonachta an chomhlachta, rud a chuireann ar chumas an chomhlachta ionfhabhtuithe a d'fhéadfadh a bheith i láthair gan aon comharthaí soiléire a chomhrac.
- Féadfaidh **neamhoird uath-imdhíonachta**, nuair a ionsaíonn an córas imdhíonachta fíochán coirp sláintiúil, tar éis duit tosú ag tógáil cógais le haghaidh ionfhabhtú VEID. Féadfaidh neamhoird uath-imdhíonachta a tharlú go leor míonna tar éis thús na cóireála. Bí ag faire amach le haghaidh aon chomharthaí ionfhabhtaithe nó comharthaí eile mar:
 - laige matáin
 - laige ag tosú sna lámha agus na cosa agus ag bogadh suas i dtreo stoc an chomhlachta
 - éisc, crith nó hipirghníomhaíocht.

